



## An Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí

Roinn C - An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF)

### COMHAONTÚ DEONTAIS FAOIN tSAORÁID UM CHÓNASCADH NA hEORPA WiFi4EU

#### COMHAONTÚ Uimh. INEA/CEF/WiFi4EU/[<call number><year>]/[<unique identifying number>]

An **Gníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA)** (“an Gníomhaireacht”) faoi na cumhachtaí a bhronn an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”), darb ionadaí chun críche shíniú an Chomhaontaithe seo [*function, forename and surname*]

de pháirt,

agus

**[full official name]**

**[official address in full]**

darb ionadaí chun críche shíniú an Chomhaontaithe seo [**forename and surname**]

ar a dtugtar feasta “an tairbhí” chun críche an Chomhaontaithe seo,

de pháirt eile,

#### AONTAÍONN SIAD

leis na Coinníollacha Speisialta (ar a dtugtar feasta “na Coinníollacha Speisialta” agus leis na hIarscríbhinní seo a leanas:

Iarscríbhinn I Cur síos ar an ngníomhaíocht

Iarscríbhinn II Coinníollacha Ginearálta (ar a dtugtar feasta “na Coinníollacha Ginearálta”)

ar dlúthpháirt iad den Chomhaontú seo ar a dtugtar feasta “an Comhaontú”.

Ná téarmaí a leagtar amach sna Coinníollacha Speisialta, beidh forlámhas acu ar na téarmaí a leagtar amach sna hIarscríbhinní.

Na téarmaí atá in Iarscríbhinn II “Coinníollacha Ginearálta”, beidh forlámhas acu ar an Iarscríbhinn eile.

## COINNÍOLLACHA SPEISIALTA

### CLÁR

COMHAONTÚ DEONTAIS.....	1
COINNÍOLLACHA SPEISIALTA .....	2
AIRTEAGAL 1 – ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE.....	3
AIRTEAGAL 2 – TEACHT I bhFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE AGUS AN FAD A MHAIRFIDH AN GHNÍOMHAÍOCHT .....	3
AIRTEAGAL 3 – UASMHÉID AGUS FOIRM AN DEONTAIS .....	4
AIRTEAGAL 4 – SOCRUITHE TUAIRISCITHE AGUS ÍOCAÍOCHTA.....	4
AIRTEAGAL 5 – CUNTAS BAINC LE hAGHAIGH NA hÍOCAÍOCHTA .....	5
AIRTEAGAL 6 - RIALAITHEOIR SONRAÍ AGUS MIONSONRAÍ CUMARSÁIDE NA bPÁIRTITHE.....	5
AIRTEAGAL 7 - DEONTAS AON-TAIRBHÍ, EINTITEAS ATÁ CLEAMHNAITHE LEIS NA TAIRBHITHE AGUS NA COMHLACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME ATÁ AINMNITHE AG NA TAIRBHITHE .....	6
AIRTEAGAL 8 – FORÁLACHA BREISE FAOI ÚSÁID NA dTORTHAÍ (LENA N- ÁIRÍTEAR CEARTA MAOINE INTLEACTÚLA AGUS TIONSCLAÍOCHTA) .....	6
AIRTEAGAL 9 – RIACHTANAIS FAIREACHÁIN, ATHCHUMRÚ na líonraí .....	6
AIRTEAGAL 10 – FORÁLACHA BREISE MAIDIR LE SANNADH ÉILEAMH .....	6
AIRTEAGAL 11 – MODHANNA COIBHÉISEACHA DON CHUMRAÍOCHT AGUS DON NASCADH LE CÓRAS FAIREACHÁIN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH.....	7
AIRTEAGAL 12 – ÉIFEACHTAÍ AN fhoirceanta .....	7

## AIRTEAGAL 1 – ÁBHAR AN CHOMHAONTAITHE

- 1.1 Chinn an Coimisiún deontas a dhámhachtain faoi na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach sna Coinníollacha Speisialta, sna Coinníollacha Ginearálta, agus in Iarscríbhinn I an Comhaontaithe don ghníomhaíocht dar teideal “Nascacht idirlín WiFi4EU a chur chun cinn i bpobail áitiúla” (“an ghníomhaíocht”), in **[insert name of the municipality]**, uimhir na gníomhaíochta **[insert number of the action in bold]** faoi mar atá cur síos uirthi in Iarscríbhinn I (cur síos ar an ngníomhaíocht).

Ar shíniú an Chomhaontaithe, glacann an tairbhí leis an deontas, agus tógann sé air féin an ghníomhaíocht a chur i bhfeidhm, ag gníomhú dó as a chuid freagrachta féin.

- 1.2 Leis an ngníomhaíocht a chur i bhfeidhm, roghnóidh an tairbhí cuideachta suiteála Wi-Fi mar chonraitheoir de réir bhrí Airteagal II.9. Cláróidh an chuideachta suiteála Wi-Fi ar thairseach WiFi4EU atá ar fáil ag <https://www.wifi4eu.eu/>. Gabhann an tairbhí chuige féin na hoibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú seo a aistriú chuig an gcuideachta suiteála Wi-Fi. Go háirithe, sa bhreis ar Airteagal II.9.4, áiritheoidh an tairbhí go mbeidh feidhm ag na coinníollacha seo a leanas i leith na cuideachta suiteála Wi-Fi freisin:

- a) an oibleagáid na riachtanais theicniúla a shonraítear in Iarscríbhinn I a urramú.
- b) an oibleagáid an dearbhú agus an fhaisnéis bhreise dá bhforáiltear in Airteagal 4.1(a) a chur isteach.

- 1.3 Is é an tairbhí, agus eisean amháin, a bheidh freagrach as an ngníomhaíocht a dhéanamh agus as forálacha an Chomhaontaithe a chomhlíonadh. Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh forálacha sa chonradh/sna conarthaí a shíneofar leis an gcuideachta suiteála Wi-Fi chun an ghníomhaíocht seo a chur chun feidhme lena leagtar síos nach bhfuil aon chearta i leith na Gníomhaireachta ag an gcuideachta suiteála Wi-Fi faoin gComhaontú.

Sa chás nach gcomhlíonfar téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe seo, forchoimeádan an Gníomhaireacht di féin an ceart an méid a íocadh go míchuí a aisghabháil go díreach ón tairbhí, i gcomhréir le hAirteagal II.26.

## AIRTEAGAL 2 – TEACHT I BHFEIDHM AN CHOMHAONTAITHE AGUS AN FAD A MHAIRFIDH AN GHNÍOMHAÍOCHT

- 2.1 An dáta ar a síníonn an páirtí deireanach an Comhaontú, sin é an dáta ar a dtiocfaidh sé i bhfeidhm.
- 2.2 Ón dáta ar a dtiocfaidh an Comhaontú Deontais i bhfeidhm, beidh tréimhse nach faide ná 18 mí ag an tairbhí leis an tsuiteáil Wi-Fi a chur i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn I, agus leis an dearbhú dá bhforáiltear in Airteagal 4.1 (b) a chur isteach. Ní fhéadfar síneadh ama a chur leis an sprioc-am seo ach i gcásanna ‘force majeure’ faoi mar a shainmhínítear iad in Airteagal II.14.1.

### **AIRTEAGAL 3 – UASMHÉID AGUS FOIRM AN DEONTAIS**

Is uasmhéid EUR 15,000 a bheidh sa deontas don ghníomhaíocht agus is i bhfoirm ranníocaíocht cnapshuime (“an dearbhán”) a bheidh sé.

### **AIRTEAGAL 4 – SOCRUITHE TUAIRISCITHE AGUS ÍOCAÍOCHTA**

4.1 Meastar an t-iarratas ar íocaíocht a bheith faighte ag an nGníomhaireacht ach na dearbhuithe seo a leanas a bheith curtha isteach:

a) Dearbhú na cuideachta suiteála Wi-Fi sa Tairseach WiFi4EU gur críochnaíodh suiteáil an líonra/na líonraí WiFi4EU i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus go bhfuil sé/siad ag feidhmiú. Beidh an t-eolas éigeantach seo a leanas mar chuid den dearbhú do gach uile líonra WiFi4EU:

- ainm an líonra WiFi4EU (m.sh. Halla na Cathrach).
- ainm an fhearainn.

Ina theannta sin, i gcás gach líonra WiFi4EU, cuirfidh an cuideachta suiteála Wi-Fi liosta iomlán ar fáil de na pointí rochtana a suiteáladh. Cuirfear an fhaisnéis éigeantach seo a leanas ar fáil le haghaidh gach uile phointe rochtana:

- ✓ An cineál suímh (m.sh.: scoil, páirc, stáisiún meitreo). Beidh liosta beag anuas sa tairseach WiFi4EU.
- ✓ Ainm an tsuímh (m.sh.: pasáiste)
- ✓ Geoshuíomh an Phointe Rochtana
- ✓ An cineál trealaimh: Laistigh nó lasmuigh
- ✓ Branda an ghléis
- ✓ Samhail an ghléis
- ✓ Uimhir shraithe an ghléis
- ✓ An seoladh MAC (Rialú Rochtana Meán).

b) Dearbhú an tairbhí sa Tairseach WiFi4EU go bhfuil an líonra/na líonraí WiFi4EU i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus go bhfuil sé/siad ag feidhmiú.

4.2 Tar éis na dearbhuithe agus an fhaisnéis bhreise dá dtagraítear in Airteagal 4.1 a fháil, beidh uasmhéid 60 lá ag an nGníomhaireacht le deimhniú go bhfuil an líonra/na líonraí WiFi4EU ag feidhmiú agus chun an t-iarmhéid a íoc leis an gcuideachta suiteála Wi-Fi.

Ní dhéanfar an íocaíocht ach amháin má shásaítear na coinníollacha seo a leanas:

- i) nasc 10 n-úsáideoir ar a laghad in aghaidh an líonra WiFi4EU;
- ii) amharc-aithne WiFi4EU a bheith ar taispeáint mar is cuí ar an tairseach deimhniúcháin

Nuair a bheith na coinníollacha thuasluaite sásaithe, gheobhaidh an tairbhí fógra deimhniúcháin, agus déanfaidh an Ghníomhaireacht an íocaíocht leis an gcuideachta suiteála Wi-Fi. Ní dhéanfaidh na coinníollacha íocaíochta dá dtagraítear thuas difear don cheart atá ag an nGníomhaireacht comhréireacht na suiteálacha Wi-Fi leis na sonraíochtaí atá in Iarscríbhinn I a sheiceáil trí iniúchtaí *ex post*.

## **AIRTEAGAL 5 – CUNTAS BAINC LE HAGHAIGH NA HÍOCAÍOCHTA**

Is isteach sa chuntas bainc atá luaite ag an gcuideachta suiteála Wi-Fi ar an Tairseach WiFi4EU a íocfar an dearbhan, cuntas a mbeidh formáid IBAN (Uimhir Cuntais Bainc Idirnáisiúnta) leis.

## **AIRTEAGAL 6 - RIALAITHEOIR SONRAÍ AGUS MIONSONRAÍ CUMARSÁIDE NA BPÁIRTITHE**

### 6.1 Rialaitheoir sonraí

Is iad AS CONNECT agus INEA, go comhpháirteach, na rialaitheoirí sonraí.

### 6.2 Mionsonraí cumarsáide

#### 6.2.1 Foirm agus dóigheanna cumarsáide

Ní mór cumarsáid leictreonach ar bith a thagann i gceist a dhéanamh tríd an tairseach WiFi4EU <https://www.wifi4eu.eu/>, lena n-áirítear trí dheasc chabhrach na tairsí a úsáid.

An chumarsáid is gá faoi Airteagail II.14, II.15, II.16, II.25, II.26, II.27, agus cumarsáid ar bith eile nach dtacaíonn an tairseach WiFi4EU léi, is i scríbhinn a dhéanfar an chumarsáid sin, beidh uimhir an chomhaontaithe uirthi, agus ní mór í a chur chuige an seoladh seo a leanas:

An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA)

Roinn C - An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF)

Aonad C5 - Teileachumarsáid CEF

W910

1049 An Bhruiséil

An Bheilg

[INEA-CEF-WIFI4EU@ec.europa.eu](mailto:INEA-CEF-WIFI4EU@ec.europa.eu)

Fógraí foirmiúla ar pháipéar atá á seoladh chuig an tairbhí, ní mór iad a chur chuig an seoladh dlíthiúil atá aige faoi mar a shonraítear é i réamhrá an Chomhaontaithe Deontais seo.

#### 6.2.2 Dáta na gcumarsáidí tríd an tairseach WiFi4EU

Cumarsáid ar bith a dhéantar tríd an tairseach WiFi4EU, meastar í a bheith déanta ach a mbeidh sí seolta ag lucht a seolta (i.e. ar an dáta agus ag an am a sheoltar í tríd an tairseach WiFi4EU).

Is i dteanga an chomhaontaithe seo nó i mBéarla a dhéanfar an chumarsáid ar fad. Déanfaidh an Ghníomhaireacht cumarsáid sa teanga chéanna leis an tairbhí.

## **AIRTEAGAL 7 - DEONTAS AON-TAIRBHÍ, EINTITEAS ATÁ CLEAMHNAITHE LEIS NA TAIRBHITHE AGUS NA COMHLACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME ATÁ AINMNITHE AG NA TAIRBHITHE**

Aon tagairt do na ‘tairbhithé’ dá mbeidh ann, is éard a thuigfear leis sin tagairt don ‘tairbhí’. Ní féidir eintiteas cleamhnaithe ar bith ná comhlachtaí cur chun feidhme ar bith a ainmniú.

## **AIRTEAGAL 8 – FORÁLACHA BREISE FAOI ÚSÁID NA DTORTHAÍ (LENA N-ÁIRÍTEAR CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA AGUS TIONSCLAÍOCHTA)**

Chomh maith leis na forálacha atá in Airteagal II.8.3, géillfidh na tairbhithé na cearta seo a leanas don Ghníomhaireacht:

- ainm an tairbhí a úsáid mar aon le híomhánna den líonra/de na líonraí WiFi4EU leis an tionscnamh a chur chun cinn;
- úsáid a bhaint as sonraí gan ainm chun tagairt a dhéanamh do cheangail leis an líonra/na líonraí WiFi4EU chun críche staidrimh.

## **AIRTEAGAL 9 – RIACHTANAIS FAIREACHÁIN, ATHCHUMRÚ NA LÍONRAÍ**

Déanfaidh an tairbhí an méid seo a leanas:

- an líonra/na líonraí WiFi4EU a choinneáil ag lánfheidhmiú ar feadh tréimhse trí bliana, tréimhse dar tús an fógra dearbhaithe ón nGníomhaireacht a bhfuil cur síos uirthi in Airteagal 4.2.
- an líonra/na líonraí WiFi4EU a athchumrú chun iad a nascadh leis an gcóras daingnithe fíordheimhniúcháin agus faireacháin i gcomhréir iomlán leis na riachtanais a leagtar amach i bPointe I.5 d’Iarscríbhinn I.

Is é an tairbhí a bheidh freagrach freisin as cothabháil rialta a dhéanamh ar an líonra/na líonraí WiFi4EU agus as aon deisiúchán is gá a dhéanamh. Ní ceadmhach don líonra/do na líonraí a bheith as feidhm ar feadh níos mó ná 60 lá féilire i rith na bliana.

Le linn na tréimhse trí bliana ó íocaíocht an iarmhéid, féadfaidh an Ghníomhaireacht seiceálacha teicniúla agus/nó iniúchtaí a dhéanamh féachaint an bhfuil forálacha an Chomhaontaithe seo á gcomhlíonadh ag an tairbhí nó nach bhfuil.

## **AIRTEAGAL 10 – FORÁLACHA BREISE MAIDIR LE SANNADH ÉILEAMH**

D’eisceacht ón gcéad fhomhír d’Airteagal II.13.1, tá an tairbhí i dteideal an ceart a shannadh

don chuideachta suiteála Wi-Fi chun an méid atá sonraithe in Airteagal 3 a éileamh ón nGníomhaireacht.

Meastar íocaíocht a dhéantar leis an gcuideachta suiteála Wi-Fi a bheith ina híocaíocht leis an tairbhí agus scaoilfidh sé an Ghníomhaireacht ó aon oibleagáid íocaíochta eile.

## **AIRTEAGAL 11 – MODHANNA COIBHÉISEACHA DON CHUMRAÍOCHT AGUS DON NASCADH LE CÓRAS FAIREACHÁIN AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH**

I gcásanna eisceachtúla, tar éis Comhaontú Riaracháin a bheith sínithe idir an Coimisiún agus údarás riaracháin ábhartha Ballstáit, na hIorua nó na hÍoslainne, féadfar na modhanna don chumraíocht agus don nascadh le córas faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh a ndéantar cur síos orthu i bPointe I.5 d'Iarscríbhinn I a leasú trí mhodhanna cumraíochta agus nascachta coibhéiseacha a bheidh sa Chomhaontú Riaracháin.

Tabharfaidh an tairbhí fógra don Ghníomhaireacht, tríd an tairseach WiFi4EU, go bhfuil sé ag cloí leis na modhanna coibhéiseacha cumraíochta agus nascachta atá sa Chomhaontú Riaracháin. Measfar an Comhaontú seo a bheith leasaithe ón tráth a gheobhaidh an Ghníomhaireacht an fógra.

## **AIRTEAGAL 12 – ÉIFEACHTAÍ AN FHOIRCEANTA**

I gcás ina ndéantar an Comhaontú a fhoirceannadh de réir fhorálacha Airteagal II.16.1 nó Airteagal II.16.3.1, féadfaidh an Ghníomhaireacht méid an deontais a laghdú agus méideanna a aisghabháil a íocadh go míchuí i gcomhréir le hAirteagal II.25.4 agus Airteagal II.26.

Tar éis an fhoirceanta, leanfaidh oibleagáidí an tairbhí lena mbaineann de bheith i bhfeidhm, go háirithe na hoibleagáidí faoi Airteagail 4, II.5, II.7, II.8, II.13 agus II.27 agus aon fhorálacha breise maidir le húsáid na dtorthaí, mar a leagtar amach in Airteagal 8.

Arna dhéanamh i **[language]**

### **SÍNITHE LEICTREONACHA**

Don tairbhí  
**[forename/surname]**  
**[e-signature]**

Don Ghníomhaireacht  
**[function/forename/surname]**  
**[e-signature]**



## An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí

Roinn C - An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF)

### IARSCRÍBHINN I CUR SÍOS AR AN NGNÍOMHAÍOCHT

#### I.1. Raon feidhme agus cuspóirí

Is éard atá sa tionscnamh WiFi4EU scéim tacaíochta le rochtain Wi-Fi a chur ar fáil i spásanna poiblí faoi dhíon agus lasmuigh (m.sh. áitribh riaracháin phoiblí, scoileanna, leabharlanna, ionaid sláinte, páirceanna poiblí agus faichí). Seo rud a thabharfaidh pobail áirithe níos cóngaraí don Mhargadh Digiteach Aonair a mbeidh rochtain ar an tsochaí ghigighiotáin ag úsáideoirí dá bharr, a chuirfidh feabhas ar an litearthacht dhigiteach, agus a chuirfidh barr ar na seirbhísí atá ar fáil sna spásanna sin. Is féidir dearbháin WiFi4EU a úsáid chun íoc as líonra Wi-Fi poiblí nua as an bpíosa a shuiteáil, chun líonra Wi-Fi poiblí atá ann cheana féin a uasghrádú nó chun fad a chur leis an raon atá ag líonra Wi-Fi poiblí atá ann cheana féin. Ní bheidh macasamhail an líonra shuiteáilte sna tairiscintí príobháideacha nó poiblí atá ann cheana a bhfuil na tréithe céanna ag roinnt leo, cáilíocht na dtairiscintí sin san áireamh.

#### I.2. Na riachtanais theicniúla do threalamh Wi-Fi an líonra/na líonraí WiFi4EU

Suiteálfaidh an tairbhí Pointí Rochtana (PRanna) a mbeidh a líon de réir luach an dearbháin ina mhargadh féin. I gcás ar bith, suiteálfaidh sé ar a laghad an líon seo a leanas díobh, de réir mar a chuirfear PRanna faoi dhíon agus amuigh faoin aer i bpáirt le chéile:

An t-íoslíon PRanna lasmuigh	An t-íoslíon PRanna faoi dhíon
10	0
9	2
8	3
7	5
6	6
5	8
4	9
3	11



2	12
1	14
0	15

Áiritheoidh an tairbhí na nithe seo a leanas i gcás **gach PR**:

- Tacaíocht a bheith ann d'úsáid an débhanda (2,4Ghz – 5Ghz) i gcomhthráth;
- Timthriall tacaíochta is faide ná 5 bliana a bheith leis;
- Meántréimhse ama idir teipeanna (MTBF) 5 bliana ar a laghad a bheith leis;
- Pointe aonair lárnach tiomnaithe bainistíochta a bheith leis ar a laghad le haghaidh gach PR de gach líonra WiFi4EU;
- Tacaíocht do IEEE 802.1x a bheith leis;
- É a bheith in oiriúint do IEEE 802.11ac Wave I;
- Tacaíocht do IEEE 802.11r a bheith leis;
- Tacaíocht do IEEE 802.11k a bheith leis;
- Tacaíocht do IEEE 802.11v a bheith leis;
- É a bheith in ann ar a laghad 50 úsáideoir san am a láimhseáil gan aon íslíú feidhmíochta;
- Ar a laghad 2x2 teirminéal il-ionchuir il-aschuir (MIMO) a bheith ann;
- É a bheith in oiriúint do Hotspot 2.0 (clár deimhniúcháin Passpoint ó Wi-Fi Alliance).

### I.3. Riachtanais maidir le feabhas na seirbhíse

Ionas gur féidir a áirithiú go bhfuil an líonra ar tugadh maoiniú WiFi4EU dó in acmhainn rud den chéad scoth a chur ar a thaithí don úsáideoir, gheobhaidh an tairbhí síntiús le tairiscint atá ar choibhéis leis an nasc idirlín is airde dá bhfuil ar fáil ar an margadh mór sa limistéar, agus ar a laghad ar bith le nasc a bhfuil luas íoslódála nach lú ná 30 Mbps ag dul leis. Áiritheoidh an tairbhí chomh maith nach lú an luas aisiompair sin ná an luas – más ann dá leithéid – a bhíonn in úsáid ag an tairbhí le haghaidh na riachtanas nascachta inmheánach atá aige.

### I.4. Oibleagáidí maidir le táillí, fógraíocht agus úsáid sonraí

1. Áiritheoidh an tairbhí nach mbeidh táille le híoc ag an úsáideoir deiridh ar rochtain ar an líonra WiFi4EU, is é sin go soláthrófar é gan íocaíocht, is cuma íocaíocht dhíreach nó cineálacha eile íocaíochta, agus, go háirithe, gan aon fhógraíocht tráchtála a bheith ann, agus gan sonraí pearsanta a athúsáid chun críche tráchtála.
2. Áiritheoidh an tairbhí nach mbeidh idirdhealú ach oiread sa soláthar rochtana ag oibreoirí líonraí cumarsáide leictreonaí ar úsáideoirí deiridh iad, *i.e.* gan dochar do na srianta a cheanglaítear faoi dhlí an Aontais, nó faoin dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais,

agus áiritheoidh sé go háirithe cothrom acmhainne idir úsáideoirí ag buaic-uaireanta, de réir mar is féidir feidhmiú líofa an líonra a chinntiú mar is gá.

3. Is féidir próiseáil a dhéanamh go rialta chun críoch staidrimh agus anailíse leis na líonraí a chur chun cinn, le faireachán a dhéanamh orthu, nó le feabhas a chur ar an bhfeidhmiú. Chun na críche sin, sonraí pearsanta ar bith atá á stóráil nó á bpróiseáil, ainathnideofar iad i gcomhréir leis an sainráiteas príobháideachta cuí (SSPS).

### **I.5. Ceanglais maidir le líonra/líonraí WiFi4EU a chumrú agus a nascadh le córas faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh**

Faoi réir an ceathrú mír thíos, áiritheoidh an tairbhí nach ndéanfaidh pointí rochtana arna maoiniú le dearbhán WiFi4EU ach SSID WiFi4EU a chraoladh agus go mbeidh feidhm iomlán ag na hoibleagáidí atá leagtha amach i bPointe I.4.

Áiritheoidh an tairbhí gur líonra oscailte a bheidh sa líonra WiFi4EU ag a bhfuil SSID WiFi4EU sa chaoi agus nach dteastóidh aon chineál faisnéise fíordheimhniúcháin (pasfhocal mar shampla) le nascadh leis. A luaithe a nascfaidh an t-úsáideoir leis an líonra sin, áiritheoidh an tairbhí go mbeidh tairseach dheimhniúcháin HTTPS le feiceáil ar an líonra WiFi4EU ag a bhfuil SSID WiFi4EU sula gceadófar don úsáideoir nascadh leis an idirlíon.

Mura gceanglaítear a mhalairt leis an reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais, ní bheidh aon chlárú nó fíordheimhniúchán sa tairseach dheimhniúcháin ag teastáil don nasc leis an idirlíon tríd an SSID WiFi4EU agus déanfar é a chur i gcrích trí bhíthin cnaipe "nasc aon chlic".

Féadfaidh an tairbhí SSID breise a chraoladh le haghaidh naisc atá daingnithe mar is cuí dá dtagraítear i bPointe I.5.2 ó thús Chéim I agus faoina fhreagracht féin. Féadfaidh an tairbhí SSID breise a chraoladh ar choinníoll go bhfuil sé teoranta d'úsáid inmheánach an tairbhí agus nach ndéanfaidh sé difear míchuí do cháilíocht na seirbhíse a chuirtear ar fáil don phobal. Sa dá chás sin, déanfaidh an tairbhí idirdhealú cuí idir na SSIDanna sin agus SSID oscailte WiFi4EU agus áiritheoidh sé go mbeidh feidhm iomlán ag na hoibleagáidí a leagtar síos i bPointe I.3 agus Pointe I.4.

I gcás pointí rochtana nach maoinítear leis an dearbhán WiFi4EU, féadfaidh an tairbhí SSID WiFi4EU a chraoladh freisin (mar an t-aon SSID amháin nó in éineacht leis an SSID áitiúil atá aige cheana féin). Áiritheoidh an tairbhí go mbeidh, i gcás úsáideoirí deiridh a nascann le SSID WiFi4EU, ar a laghad, feidhm iomlán ag na hoibleagáidí atá leagtha síos i bPointe I.3 agus Pointe I.4, agus i bPointe I.5 atá ann faoi láthair.

Is le cur chuige dhá chéim a chuirfear an nasc le córas faireacháin an Choimisiúin Eorpaigh chun feidhme.

#### **I.5.1. Céim I**

Clárú, deimhniú agus údarú na n-úsáideoirí, sin freagracht atá ar gach tairbhí, mar aon le cuntas a choinneáil ar na húsáideoirí, i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus leis an dlí náisiúnta.

Áiritheoidh an tairbhí go ndéanfar de réir na gceanglas seo a leanas maidir leis an tairseach dheimhniúcháin in SSID WiFi4EU:

- An líonra WiFi4EU ag a bhfuil SSID WiFi4EU, is tairseach dheimhniúcháin HTTPS a úsáidfead don chomhéadan úsáideoirí ann.

Sa tairseach dheimhniúcháin, leagfar síos tréimhse chun úsáideoirí a bhí nasctha léi cheana a aithint go huathoibríoch ionas nach dtaispeánfar an tairseach dheimhniúcháin arís nuair a dhéanfar athcheangal. Athshocrófar an tréimhse seo go huathoibríoch gach lá ar 00:00, sin nó, ar a laghad ar bith, í a shocrú le haghaidh tréimhse nach mó ná 12 uair an chloig.

- An t-ainm fearainn a luafar leis an tairseach dheimhniúcháin HTTPS, is rud clasaiceach a bheidh ann (neamh-IDN), litreacha a bheith ann ó a go z, digití ó 0 go 9, fleiscín (-).
- Amharc-aithne: beidh amharc-aithne WiFi4EU ina cuid den tairseach dheimhniúcháin.
- Beidh blogh cóid rianaithe i gcorp na tairsí dheimhniúcháin ionas go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht cianfhaireachán a dhéanamh ar an líonra WiFi4EU.

Tá treoir líne maidir le suiteáil an bhlogha cóid ar fáil ag an nasc seo a leanas: <https://ec.europa.eu/inea/en/connecting-europe-facility/cef-telecom/wifi4eu>. Ní bhaileoidh an blogh cóid sonraí pearsanta ar bith. Is é feidhm a bheidh aige líon na n-úsáideoirí a nascann le líonra WiFi4EU a chomhaireamh, amharc-aithne WiFi4EU a lódáil, agus ceart-taispeáint na hamharc-aithne sin a dheimhniú.

- Beidh sa tairseach dheimhniúcháin séanadh lena gcuirfead in iúl go soiléir do na húsáideoirí gur líonra poiblí oscailte atá in WiFi4EU. Tabharfar le fios sa séanadh freisin na moltaí réamhchúramacha a thugtar de ghnáth nuair a dhéantar rochtain ar an idirlíon trí na cineálacha sin líonraí.

Tá an tairbhí i dteideal líonraí WiFi4EU ar leith a chur ar bun le maoiniú ó aon dearbhán amháin, ach ainm ar leith a bheith ar gach fearann agus ar gach tairseach dheimhniúcháin díobh. An dualgas atá ann de bhun Airteagal 9 leis an tsuiteáil WiFi4EU a choinneáil ar siúl go ceann trí bliana i ndiaidh don Ghníomhaireacht í a fhíorú, is dualgas é atá le cur i bhfeidhm ar na líonraí WiFi4EU ar fad a mhaoinítear le haon dearbhán amháin.

Is í Céim I a bheidh i bhfeidhm go dtí go bhfaighidh an tairbhí fógra go bhfuil Céim II curtha i ngníomh. Tar éis don tairbhí fógra a fháil, beidh sé de dhualgas air de bhun Airteagal 9 cumraíocht an líonra a choigeartú i gcomhréir leis na riachtanais a leagtar amach i bPointe I.5 de réir na sonraí breise a leagtar amach san fhógra, laistigh den chreat ama a bheidh luaite san fhógra sin.

## **I.5.2. Céim II**

Tráth is faide anonn, cuirfear córas daingnithe fíordheimhniúcháin agus faireacháin ar bun ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus is féidir go n-athróidh sin ina ailtireacht chónasctha.

De bhun Airteagal 9, a luaite agus a bheidh an córas daingnithe fíordheimhniúcháin agus faireacháin ag obair, déanfaidh an tairbhí athchumrú ar a líonra/líonraí WiFi4EU chun iad a nascadh leis an gcóras sin. San athchumraíocht sin, cuimseofar SSID WiFi4EU oscailte a choinneáil ar bun leis an tairseach dheimhniúcháin, SSID WiFi4EU breise a chur leis le haghaidh naisc atá daingnithe go cuí (bíodh sin tríd an córas daingnithe áitiúil atá aige cheana a athrú chuig an gcomhchóras nó go simplí tríd an gcomhchóras a chur leis mar thrú SSID) agus a áirithiú go bhfuil an córas in ann faireachán a dhéanamh ar na líonraí WiFi4EU ar leibhéal an phointe rochtana.

Is ar an tairbhí, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta, a bheidh an fhreagracht a bhaineann le clárú agus deimhniú úsáideoirí maidir le SSID WiFi4EU oscailte agus maidir leis an SSID áitiúil le haghaidh naisc dhaingnithe i gcás ina bhfuil sé ann, agus an fhreagracht a bhaineann le húdarú úsáideoirí maidir le gach SSID agus cuntas a choinneáil ar na húsáideoirí sin.

### **Acrainmneacha**

PR	Pointí Rochtana Wi-Fi
IEEE	Institiúid na nInnealtóirí Leictreacha agus Leictreonacha
LTE	Éabhlóid Fhadtéarmach
MAC	Rialú Rochtana Meán
MIMO	Il-Inchur Il-Aschur
RADIUS	Seirbhís Ciandeimhnithe Diailiú Isteach don Úsáideoir
SSID	Tacar Comhaitheantóirí Seirbhíse

## IARSCRÍBHINN II COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA

### CLÁR

#### **CUID A – FORÁLACHA DLÍTHIÚLA AGUS RIARACHÁIN**

- II.1 – OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA AGUS RÓIL NA dTAIRBHITHE
- II.2 – CUMARSÁID IDIR NA PÁIRTITHE
- II.3 – DLITEANAS I LEITH DAMÁISTÍ
- II.4 – COINBHLEACHT LEASA
- II.5 – RÚNDACHT
- II.6 – PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA
- II.7 – INFHEICTHEACHT AN MHAOINITHE ÓN AONTAS
- II.8 – CEARTA ATÁ ANN CHEANA AGUS ÚINÉIREACHT AGUS ÚSÁID NA dTORTHAÍ (CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA AGUS TIONSCLAÍOCHTA SAN ÁIREAMH)
- II.9 – DÁMHACHTAIN CONARTHAÍ IS GÁ CHUN AN GHNÍOMHAÍOCHT A CHUR CHUN FEIDHME
- II.10 – FOCHONRAITHEOIREACHT DUALGAS AR CUID DEN GHNÍOMHAÍOCHT IAD
- II.11 – TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THRÍÚ PÁIRTITHE
- II.12 – LEASUITHE AR AN gCONRADH
- II.13 – ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHTAÍ DO THRÍÚ PÁIRTÍ A SHANNADH
- II.14 – *FORCE MAJEURE*
- II.15 – CUR CHUN FEIDHME NA GNÍOMHAÍOCHTA A CHUR AR FIONRAÍ
- II.16 – FOIRCEANNADH AN CHONARTHA
- II.17 – NEAMHBHAINTEACH
- II.18 – AN DLÍ IS INFHEIDHME, SOCRÚ DÍOSPÓIDÍ AGUS CINNEADH IN-FHORFHEIDHMITHE

#### **CUID B – FORÁLACHA AIRGEADAIS**

- II.19 – COSTAIS INCHÁILITHE
- II.20 – INAITHEANTACHT AGUS INFHÍORAITHEACHT NA MÉIDEANNA ARNA nDEARBHÚ
- II.21 – INCHÁILITHEACHT CHOSTAS NA nEINTITEAS ATÁ CLEAMHNAITHE LEIS NA TAIRBHITHE AGUS NA gCOMHLACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME ARNA nAINMNIÚ AG NA TAIRBHITHE
- II.22 – AISTRITHE BUISÉID
- II.23 – TUAIRISCIÚ TEICNIÚIL AGUS AIRGEADAIS – IARRATAÍ AR ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS DOICIMÉID TACAÍOCHTA
- II.24 – ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS SOCRUITHE ÍOCAÍOCHTA
- II.25 – MÉID CRÍOCHNAITHEACH AN DEONTAIS A CHINNEADH
- II.26 – AISGHABHÁIL
- II.27 – SEICEÁLACHA, INIÚCHTAÍ AGUS MEASTÓIREACHT

## **CUID A – FORÁLACHA DLÍTHIÚLA AGUS RIARACHÁIN**

### **AIRTEAGAL II.1 – OIBLEAGÁIDÍ GINEARÁLTA AN TAIRBHÍ**

Maidir leis an tairbhí:

- (a) beidh sé freagrach as an ngníomhaíocht a dhéanamh i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha an Chomhaontaithe;
- (b) beidh sé freagrach as aon oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh atá air faoin dlí is infheidhme de dhlí an Aontais Eorpaigh, den dlí idirnáisiúnta agus den dlí náisiúnta;
- (c) cuirfidh sé in iúl don Ghníomhaireacht láithreach aon teagmhas nó cúinse is eol don tairbhí is dócha a mhoilleoidh nó a dhéanfaidh difear do chur chun feidhme na gníomhaíochta;
- (d) cuirfidh sé in iúl don Ghníomhaireacht láithreach aon athrú ar a staid dhlíthiúil, airgeadais, theicniúil, eagraíochtúil nó úinéireachta nó ar staid dhlíthiúil, airgeadais, theicniúil, eagraíochtúil nó úinéireachta a n-eintiteas cleamhnaithe agus cuirfidh sé in iúl, freisin, aon athrú ar a ainm, a sheoladh nó a ionadaithe dlíthiúla nó ar ainm, ar sheoladh nó ar ionadaithe dlíthiúla a n-eintiteas cleamhnaithe.

### **AIRTEAGAL II.2 – CUMARSÁID IDIR NA PÁIRTITHE**

#### **II.2.1 FOIRM AGUS MODHANNA CUMARSÁIDE**

Aon chumarsáid a bhaineann leis an gComhaontú nó le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, déanfar i scríbhinn í (ar pháipéar nó i bhformáid leictreonach), beidh uimhir an Chomhaontaithe ag dul léi agus déanfar í i gcomhréir leis na modhanna cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 6.

Déanfar gach cumarsáid leictreonach a dheimhniú le bunchóip páipéir shínithe den chumarsáid má iarrann aon cheann de na páirtithe sin, ar choinníoll nach bhfuil aon mhoill gan údar ar an iarraidh. Déanfaidh an seoltóir an bhunchóip páipéir shínithe den chumarsáid a sheoladh agus gan aon mhoill mhíchuí.

Leis an bpost cláraithe a sheolfar gach fógra foirmiúil, agus admháil fála nó a coibhéis ina theannta, nó le ríomhphost, sa treo is go bhfuil fianaise dhochloíte ag an seoltóir go bhfuair an faighteoir sonraíthe an teachtaireacht.

#### **II.2.2 Dáta cumarsáide**

Meastar go bhfuil cumarsáid déanta ar í a bheith faighte ag an bpáirtí fála, ach amháin má shonraítear sa chomhaontú an dáta a seoladh an chumarsáid.

Maidir le cumarsáid leictreonach, meastar go bhfuil sí faighte ag an bpáirtí fála an lá a seoladh go rathúil í, ar chuntar gur chuig na seoltaí a liostaítear in Airteagal 6 a seoladh í. Measfar go raibh an seoladh neamhrathúil má fhaigheann páirtí an tseolta teachtaireacht

neamhsheachadta. Sa chás sin seolfaidh páirtí an tseolta an chumarsáid chuig aon cheann eile de na seoltaí atá liostaithe in Airteagal 6. I gcás seoladh neamhrathúil, ní mheasfar gur sháraigh páirtí an tseolta an oibleagáid atá air an chumarsáid a sheoladh faoi sprioc-am sonraithe.

Maidir le post a sheoltar chuig an nGníomhaireacht leis na seirbhísí poist, is é an dáta a chláróidh na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 6.2 an dáta a mheasfar a fuarthas é.

Maidir le fógraí foirmiúla a thugtar leis an bpost cláraithe agus admháil fála nó a coibhéis ina dteannta, nó a thugtar le modhanna coibhéiseacha leictreonacha, is é an dáta fála atá luaite ar an admháil fála nó a coibhéis an dáta a mheasfar a fuarthas é.

## **AIRTEAGAL II.3 – DLITEANAS I LEITH DAMÁISTÍ**

**II.3.1** Ní chuirfear an Gníomhaireacht faoi dhliteanas i leith aon damáiste arb é aon cheann de na tairbhíthe ba chúis leis ná aon damáiste a bhaineann d'aon cheann de na tairbhíthe, lena n-áirítear aon damáiste a bhaineann do thríú páirtithe mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta nó le linn chur chun feidhme na gníomhaíochta.

**II.3.2** Ach amháin i gcásanna *force majeure*, cúiteoidh na tairbhíthe leis an nGníomhaireacht aon damáiste a bhain di mar thoradh ar chur chun feidhme na gníomhaíochta nó toisc nár cuireadh an ghníomhaíocht chun feidhme i gcomhréir iomlán leis an gComhaontú.

## **AIRTEAGAL II.4 – COINBHLEACHT LEASA**

**II.4.1** Déanfaidh na tairbhíthe gach beart is gá chun cosc a chur ar aon chás ina gcuirtear cur chun feidhme neamhchlaonta oibiachtúil an Chomhaontaithe i mbaol ar chúiseanna a bhaineann le leas eacnamaíoch, gaol polaitiúil nó náisiúnta, cúrsaí teaghlaigh nó pearsanta, nó aon leas atá i gcomhar ag an nGníomhaireacht nó le haon tríú páirtí a bhaineann le hábhar an Chomhaontaithe (“coinbhleacht leasa”).

**II.4.2** Aon staid atá ina coinbhleacht leasa nó ar dócha coinbhleacht leasa teacht aisti le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe, tabharfar fógra ina taobh i scríbhinn don Gníomhaireacht gan mhoill. Déanfaidh na tairbhíthe gach beart is gá láithreach chun an scéal a chur ina cheart. Forchoimeádan an Gníomhaireacht an ceart chun a fhíorú go bhfuil na bearta arna ndéanamh iomchuí agus féadfaidh sí a iarraidh go ndéanfar bearta breise roimh sprioc-am sonraithe.

## **AIRTEAGAL II.5 – RÚNDACHT**

**II.5.1** Caomhnóidh an Gníomhaireacht agus na tairbhíthe rúndacht gach faisnéise agus doiciméad, beag beann ar a bhfoirm, a nochtar i scríbhinn nó ó bhéal i dtaca le cur chun feidhme an Chomhaontaithe agus a ndeirtear go sainráite ina dtaobh i scríbhinn iad a bheith faoi rún. Ní áirítear air sin faisnéis atá ar fáil go poiblí.

**II.5.2** Ní úsáidfidh an Gníomhaireacht ná na tairbhíthe aon fhaisnéis agus doiciméad rúnda

ar aon chúis seachas chun na hoibleagáidí atá orthu faoin gComhaontú a chomhlíonadh, ach amháin má chomhaontaítear a mhalairt i scríbhinn leis an bpáirtí eile lena mbaineann.

**II.5.3** Beidh na hoibleagáidí dá dtagraítear in Airteagail II.5.1 agus II.5.2 ina gceangal ar an nGníomhaireacht agus ar na tairbhíthe le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus go ceann cúig bliana amhail ón dáta a íocfar an t-iarmhéid, ach amháin sa chás:

- (a) go dtoilíonn an páirtí lena mbaineann an páirtí eile a scaoileadh ó na hoibleagáidí rúndachta go luath;
- (b) go gcuirtear an fhaisnéis nó na doiciméid ar fáil go poiblí ar dhóigh éigin seachas le sárú na n-oibleagáidí rúndachta;
- (c) go gceanglaítear le dlí nochtadh na faisnéise nó na ndoiciméad rúnda.

## **AIRTEAGAL II.6 – PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA**

### **II.6.1 Próiseáil sonraí pearsanta ag an nGníomhaireacht**

Déanfar aon sonraí pearsanta atá sa Chomhaontú a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin.

Is é an maoirseoir sonraí a aithnítear in Airteagal 6.1 a phróiseálfaidh sonraí dá leithéidí, agus is chun an Comhaontú a chur chun feidhme, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air, nó chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint lena n-áirítear seiceálacha, iniúchtaí agus imscrúduithe i gcomhréir le hAirteagal II.27, agus chun na gcríoch sin amháin a dhéanfaidh sé an phróiseáil.

Beidh sé de cheart ag na tairbhíthe a sonraí pearsanta a rochtain agus iad a cheartú. Má bhíonn aon cheist ag na tairbhíthe maidir le próiseáil a sonraí pearsanta, cuirfidh siad í faoi bhráid an mhaoirseora sonraí, dá dtagraítear in Airteagal 6.1.

Beidh sé de cheart ag na tairbhíthe dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith.

### **II.6.2 Próiseáil sonraí pearsanta ag na tairbhíthe**

Maidir le sonraí pearsanta a tugadh faoin gComhaontú, ní mór do na tairbhíthe iad a phróiseáil i gcomhréir le dlí infheidhme an Aontais agus leis an dlí infheidhme náisiúnta i dtaobh cosaint sonraí (údaruithe agus ceanglais maidir le fógra a thabhairt san áireamh).

An rochtain ar shonraí a thabharfaidh na tairbhíthe dá bpearsanra, beidh sí teoranta don mhéid is fíorghá chun an Comhaontú a chur chun feidhme, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air.



Gabhann na tairbhíthe orthu féin bearta iomchuí slándála teicniúla agus eagraíochtúla a dhéanamh ag féachaint dóibh do na rioscaí ar dlúthchuid iad den phróiseáil agus do chineál na sonraí i gceist, d'fhonn:

- (a) cosc a chur ar aon duine neamhúdaráithe na córais ríomhaire a rochtain lena bpróiseáiltear na sonraí pearsanta, agus go háirithe:
  - (i) léamh, cóipeáil, athrú nó baint neamhúdaráithe meán stórála;
  - (ii) ionchur neamhúdaráithe sonraí mar aon le haon nochtadh, athrú nó scriosadh neamhúdaráithe sonraí pearsanta atá stóráilte;
  - (iii) úsáid neamhúdaráithe córas próiseála sonraí le saoráidí tarchuir sonraí;
- (b) a áirithiú nach mbíonn de rochtain ag úsáideoirí údaráithe córas sonraí próiseála sonraí ach an rochtain is ceadmhach de réir an chirt rochtana atá acu;
- (c) taifead a dhéanamh de na sonraí pearsanta sin a seoladh, agus den uair a seoladh iad agus den té ar seoladh chuige iad;
- (d) maidir le sonraí pearsanta atá á bpróiseáil thar ceann tríú páirtithe, a áirithiú nach féidir iad a phróiseáil ach ar an dóigh a leag an Ghníomhaireacht síos;
- (e) a áirithiú, agus sonraí pearsanta á seoladh agus meáin stórála á n-iompar, nach féidir na sonraí a léamh, a chóipeáil ná a scriosadh gan chead;
- (f) struchtúr a n-eagraíochta a cheapadh sa chaoi is go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais cosanta sonraí.

## **AIRTEAGAL II.7 – INFHEICTHEACHT AN MHAOINITHE ÓN AONTAS**

### **II.7.1 Faisnéis faoin maoiniú ón Aontas agus úsáid shuaitheantas an Aontais Eorpaigh**

Ach amháin má iarrann an Ghníomhaireacht a mhalairt nó má thoilíonn sí lena mhalairt, tabharfar le fios i ngach cumarsáid nó foilseachán arna ndéanamh ag na tairbhíthe i gcomhpháirt nó go leithleach agus a bhaineann leis an ngníomhaíocht, lena n-áirítear comhdhálacha, seimineáir nó ábhar promóiseanúil (e.g. bróisiúir, bileoga, póstaeir, cuir i láthair, etc.), tabharfar le fios iontu gur thug an tAontas Eorpach maoiniú don ghníomhaíocht agus taispeánfar suaitheantas an Aontais Eorpaigh orthu.

Nuair a thaispeántar lógó eile in éineacht le suaitheantas an Aontais Eorpaigh, ní mór suaitheantas an Aontais Eorpaigh a bheith chomh feiceálach agus is iomchuí.

An oibleagáid suaitheantas an Aontais Eorpaigh a thaispeáint, ní bhronntar léi an ceart eisiach an suaitheantas a úsáid. Ní ghlacfaidh na tairbhíthe seilbh ar shuaitheantas an Aontais Eorpaigh ná ar aon trádmharc ná lógó comhchosúil leis, trína chlárú ná ar aon dóigh eile.

Chun críocha na chéad fhomhíre, an dara fomhír agus an tríú fomhír, agus ar na coinníollacha a shonraítear iontu, tá na tairbhíthe díolmhaithe ón oibleagáid cead a iarraidh roimh ré ón nGníomhaireacht suaitheantas an Aontais Eorpaigh a úsáid.

## **II.7.2 Séanadh lena n-eisiatar freagracht na Gníomhaireachta**

I ngach cumarsáid nó foilseachán arna ndéanamh ag na tairbhíthe i gcomhpháirt nó go leithleach agus a bhaineann leis an ngníomhaíocht, beag beann ar a bhfoirm agus ar mhodh a ndéanta, tabharfar le fios gurb iad tuairimí an údair, agus a thuairimí siúd amháin a léirítear iontu, agus nach bhfuil an Gníomhaireacht freagrach in aon úsáid is féidir a bhainfear astu.

## **AIRTEAGAL II.8 – CEARTA ATÁ ANN CHEANA AGUS ÚINÉIREACHT AGUS ÚSÁID NA dTORTHAÍ (CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA AGUS TIONSCLAÍOCHTA SAN ÁIREAMH)**

### **II.8.1 Úinéireacht na dtairbhíthe ar na torthaí**

Ach amháin má leagtar síos a mhalairt sa Chomhaontú, is ag na tairbhíthe a bheidh úinéireacht ar thorthaí na gníomhaíochta, lena n-áirítear cearta maoine tionsclaíochta agus intleachtúla, agus tuarascálacha agus doiciméid ghaolmhara eile.

### **II.8.2 Cearta atá ann cheana**

Is éard is ábhar atá ann cheana aon ábhar, doiciméad, teicneolaíocht nó saineolas a bhí ann sular úsáid an tairbhí é chun toradh a bhaint amach mar chuid de chur chun feidhme na gníomhaíochta. Is éard is ceart atá ann cheana aon cheart maoine tionsclaíche nó intleachtúla ar ábhar atá ann cheana; is féidir nithe éagsúla a bheith sa cheart, e.g. ceart úinéireachta, ceart ceadúnais, ceart úsáide atá faoi úinéireacht an tairbhí nó aon tríú páirtí eile.

Má chuireann an Gníomhaireacht iarraidh i scríbhinn chuig na tairbhíthe á shonrú cé na cearta atá sé beartaithe aige a úsáid, ní mór do na tairbhíthe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) liosta a thiomsú de na cearta ar fad atá ann cheana atá ar áireamh sna torthaí sin; agus
- (b) an liosta sin a sholáthar don Gníomhaireacht ar a dhéanaí tráth an iarraidh ar íoc an iarmhéid a dhéanamh.

Áiríteoidh na tairbhíthe go mbeidh acu nó ag a n-eintiteas cleamhnaithe na cearta uile chun aon cheart atá ann cheana a úsáid le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe.

### **II.8.3 Cearta chun úsáid a bhaint as na torthaí agus cearta atá ann cheana**

Deonaíonn na tairbhíthe don Gníomhaireacht na cearta úsáide seo a leanas i leith thorthaí na gníomhaíochta:

- (a) an ceart iad a úsáid chun a críoch féin, agus go háirithe, iad a chur ar fáil do dhaoine atá ag obair don Ghníomhaireacht, d'Institiúidí de chuid an Aontais, do ghníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus d'institiúidí na mBallstát, agus líon neamhtheoranta díobh a chóipeáil agus a atáirgeadh ina n-iomláine nó i bpáirt;
- (b) atáirgeadh: an ceart chun údarú a thabhairt atáirgeadh díreach nó indíreach, sealadach nó buan a dhéanamh ar na torthaí ar aon mhodh (meicniúil, digiteach nó eile) agus in aon fhoirm, go hiomlán nó i bpáirt;
- (c) cur i bhfios don phobal: an ceart chun a dtaispeáint, a léiriú nó a gcur i bhfios don phobal a údarú, le sreang nó gan sreang, lena n-áirítear iad a chur ar fáil don phobal sa chaoi is go bhféadfaidh daoine den phobal iad a rochtain ón áit agus ag an uair is áil leo; cuimsíonn an ceart seo cumarsáid agus craoladh le cábla nó le satailít;
- (d) craobhscaoileadh: an ceart chun craobhscaoileadh na dtorthaí, nó gcóipeanna díobh, i measc an phobail a údarú;
- (e) oiriúnú: an ceart chun na torthaí a mhodhnú;
- (f) aistriú;
- (g) an ceart chun na torthaí a stóráil agus a chartlannú i gcomhréir leis na rialacha bainistíochta is infheidhme maidir leis an nGníomhaireacht, lena n-áirítear digitiú nó tiontú a bhformáide chun críocha caomhnaithe nó chun úsáid nua a bhaint astu;
- (h) i gcás gur doiciméid atá sna torthaí, tá an ceart chun athúsáid na ndoiciméad a údarú i gcomhréir le Cinneadh 2011/833/AE an 12 Nollaig 2011 ón gCoimisiún maidir le hathúsáid doiciméad, tá sé i gcomhréir leis sin má tá an Cinneadh sin infheidhme agus má tá na doiciméid laistigh dá raon feidhme agus mura n-eisiatar é le haon cheann dá fhorálacha. Chun críocha na forála seo, is é brí atá leis na téarmaí 'athúsáid' agus 'doiciméad' an bhrí atá leo i gCinneadh 2011/833/AE.

Is féidir foráil a dhéanamh, leis na Coinníollacha Speisialta, maidir le cearta úsáide breise a thabhairt don Gníomhaireacht.

Ráthóidh na tairbhíthe go mbeidh sé de cheart ag an nGníomhaireacht úsáid a bhaint as aon cheart atá ann cheana a cuireadh ar áireamh i dtorthaí na gníomhaíochta. Mura bhforáiltear a mhalairt sna Coinníollacha Speisialta, úsáidfear na cearta atá ann cheana chun na gcríoch céanna leis na cearta úsáide ar thorthaí na gníomhaíochta agus ar na coinníollacha céanna is infheidhme maidir leis na cearta sin.

Gach uair a nochtfaidh an Ghníomhaireacht an toradh tabharfar faisnéis faoin úinéir cóipchirt. Ag seo leagan amach na faisnéise cóipchirt: "© – [bliain] – [ainm an úinéara cóipchirt]. Gach ceart faoi chosaint. Ceadúnaithe don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí".

Má dheonaíonn na tairbhíthe cearta úsáide don Ghníomhaireacht, ní dhéanann sin aon difear do na hoibleagáidí rúndachta atá orthu faoi Airteagal II.5 ná do na hoibleagáidí atá orthu faoi Airteagal II.1.

## **II.9 – DÁMHACHTAIN CONARTHAÍ IS GÁ CHUN AN GHNÍOMHAÍOCHT A CHUR CHUN FEIDHME**

**II.9.1** I gcás inar gá earraí, oibreacha nó seirbhísí a sholáthar chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme, is ar an tairiscint is mó luach ar airgead a bhronnfaidh na tairbhíthe an Conradh, nó, más iomchuí, ar an tairiscint is ísle praghas. Agus sin á dhéanamh acu seachnóidh siad gach coinbhleacht leasa.

Áiríteoidh na tairbhíthe go bhféadfaidh an Ghníomhaireacht, an Coimisiún, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a gcuid ceart a fheidhmiú faoi Airteagal II.27 i leith an chonraitheora.

**II.9.2** Tairbhíthe atá ag gníomhú ina gcáil mar ‘údaráis chonarthacha’ de réir bhrí Threoir 2004/18/CE<sup>1</sup> nó Threoir 2014/24/AE<sup>2</sup> nó de réir brí aon reachtaíochta infheidhme de chuid an Aontais a bhí ann roimhe nó mar ‘eintitis chonarthacha’ de réir bhrí Threoir 2004/17/CE<sup>3</sup> nó Threoir 2014/25/AE<sup>4</sup> nó de réir brí aon reachtaíochta infheidhme de chuid an Aontais a bhí ann roimhe, ní mór dóibh na rialacha náisiúnta soláthair is infheidhme a chomhlíonadh.

**II.9.3** Is iad na tairbhíthe, agus iadsan amháin, a bheidh freagrach as an ngníomhaíocht a dhéanamh agus as forálacha an Chomhaontaithe a chomhlíonadh. Má bhíonn Conradh soláthair ann, áiríteoidh na tairbhíthe go mbeidh forálacha ann ag leagan síos nach bhfuil aon cheart ag an gconraitheoir i leith na Gníomhaireachta faoin gConradh.

**II.9.4** Áiríteoidh na tairbhíthe go mbeidh na coinníollacha is infheidhme maidir leo faoi Airteagail II.3, II.4, II.5 agus II.8, go mbeidh siad infheidhme maidir leis an

---

<sup>1</sup> Treoir 2004/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair poiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a chomhordú.

<sup>2</sup> Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE.

<sup>3</sup> Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist.

<sup>4</sup> Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar a dhéanann eintitis a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE.

gconraitheoir freisin.

**II.9.5** Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 3, gur i bhfoirm aisíocaíocht costas incháilithe atá an deontas:

- agus má sháraíonn an tairbhí aon cheann de na hoibleagáidí atá air faoi Airteagal II.9.1, beidh na costais a bhaineann leis an gconradh i gceist neamh-incháilithe;
- agus má sháraíonn an tairbhí aon cheann de na hoibleagáidí atá air faoi Airteagail II.9.2, II.9.3 nó II.9.4, is féidir an deontas a laghdú i gcomhréir le tromchúis shárú na n-oibleagáidí.

Más rud é, i gcomhréir le hAirteagal 3, gur i bhfoirm aonaid, cnapshuime nó ranníocaíocht ar ráta comhréidh atá an deontas, agus go sáraíonn an tairbhí aon cheann de na hoibleagáidí atá air faoi Airteagail II.9.1, II.9.2, II.9.3 nó II.9.4, is féidir an deontas a laghdú i gcomhréir le tromchúis shárú na n-oibleagáidí.

## **AIRTEAGAL II.10 – FOCHONRAITHEOIREACHT DUALGAS AR CUID DEN GHNÍOMHAÍOCHT IAD**

Neamhbhainteach

### **II.11 – TACAÍOCHT AIRGEADAIS DO THRÍÚ PÁIRTITHE**

Neamhbhainteach

### **AIRTEAGAL II.12 – LEASUITHE AR AN gCONRADH**

II.12.1 Aon leasú a dhéanfar ar an gConradh, is i scríbhinn a dhéanfar é.

II.12.2 Ní fhéadfaidh a bheith de chuspóir ná d'éifeacht ag leasú athruithe a dhéanamh ar an gConradh lena gcaithfí amhras ar an gcinneadh lenar bronnadh an deontas ná ní fhéadfaidh leasú a bheith in aghaidh na córa comhionainne d'iarratasóirí.

II.12.3 Tabharfar údar cuí le haon iarraidh ar leasú, agus doiciméid tacaíochta iomchuí ag gabháil leis, agus seolfar é chuig an bpáirtí eile in am trátha roimh an uair atá an t-athrú le teacht i bhfeidhm, agus go cinnte trí mhí roimh dheireadh na tréimhse atá leagtha amach in Airteagal 2.2, ach amháin i gcásanna ina dtugann an páirtí a d'iarr an leasú údar leis an leasú agus go nglacann páirtí eile leis sin.

II.12.4 Is iad na tairbhíthe ar fad i gcomhpháirt le chéile, nó aon tairbhí amháin agus é ag gníomhú thar ceann na dtairbhíthe, a chuirfidh isteach iarraidh ar leasú.

II.12.5 An dáta a shínigh an páirtí deireanach an iarraidh ar leasú, nó dáta faofa na hiarrata ar leasú, sin é an dáta a thiocfaidh an leasú i bhfeidhm.

Tiocfaidh na leasuithe i bhfeidhm ar dháta arna shocrú ag na páirtithe, nó ina éagmais sin, ar dháta teacht i bhfeidhm an leasaithe.

## **AIRTEAGAL II.13 – ÉILIMH AR ÍOCAÍOCHTAÍ DO THRÍÚ PÁIRTITHE A SHANNADH**

**II.13.1** Ní fhéadfar éileamh ar íocaíochtaí do na tairbhíthe ón nGníomhaireacht a shannadh do thríú páirtithe, ach amháin i gcásanna cuí-réasúnaithe nuair is ceart sin a dhéanamh i ngeall ar an gcás.

Ní bheidh an sannadh infheidhmithe i gcoinne na Gníomhaireachta ach amháin más rud é gur ghlac sí leis an sannadh ar bhonn iarraidh réasúnaithe i scríbhinn ina leith sin arna dhéanamh ag an tairbhí a d'iarr an sannadh.

Murar glacadh leis an sannadh, nó sa chás nach ndéantar na téarmaí faoinar glacadh leis an sannadh a chomhlíonadh, ní bheidh aon éifeacht ag an sannadh ar an nGníomhaireacht.

**II.13.2** Níl cás ar bith ann a ndéanfaidh sannadh dá leithéid na tairbhíthe a shaoradh ó na dualgais atá orthu i leith na Gníomhaireachta.

## **AIRTEAGAL II.14 – FORCE MAJEURE**

**II.14.1** Ciallóidh “*force majeure*” aon staid nó teagmhas nach féidir a thuar agus nach bhfuil neart ag na páirtithe uirthi nó air, a choisceann ar cheachtar acu a gcuid oibleagáidí faoin gConradh a chomhlíonadh agus nach earráid ná faillí dá gcuidne ná earráid ná faillí de chuid na bhfochonraitheoirí, na n-eintiteas cleamhnaithe, na gcomhlachtaí cur chun feidhme ná tríú páirtí a fhaigheann tacaíocht airgeadais is cúis léi nó leis agus a bhí dosheachanta in ainneoin dícheall cuí a dhéanamh. Maidir le haon éaradh seirbhíse, fabht trealaimh nó ábhair nó moill a bheith ar chur ar fáil na nithe sin, mar aon le hagóidí oibre, stailceanna agus deacrachtaí airgeadais, ní féidir a mhaíomh gur *force majeure* iad, ach amháin má eascraíonn siad go díreach ó chás *force majeure* ábhartha.

**II.14.2** Aon pháirtí a bhfuil *force majeure* roimhe, tabharfaidh sé fógra foirmiúil don pháirtí eile gan mhoill, ag sonrú chineál na staide nó an teagmhais, an fad a mheastar a mhairfidh sí nó sé agus na héifeachtaí a mheastar a bheidh aici nó aige.

**II.14.3** Déanfaidh na páirtithe na bearta is gá chun srian a chur le haon damáiste a d'fhéadfadh teacht den *force majeure*. Déanfaidh siad a ndícheall tús a chur athuair le cur chun feidhme na gníomhaíochta a luaithe is féidir é.

**II.14.4** An pháirtí a bhfuil *force majeure* roimhe, ní mheasfar gur sháraigh sé na hoibleagáidí atá air faoin gConradh más *force majeure* a chuir cosc air iad a chomhlíonadh.

## **AIRTEAGAL II.15 – CUR CHUN FEIDHME NA GNÍOMHAÍOCHTA A CHUR AR**

## FIONRAÍ

### II.15.1 Na tairbhíthe an cur chun feidhme a chur ar fionraí

Féadfaidh na tairbhíthe, ag gníomhú dóibh i gcomhpháirt, nó féadfaidh aon tairbhí amháin, ag gníomhú dó thar ceann na dtairbhíthe ar fad, cur chun feidhme na gníomhaíochta, nó cur chun feidhme aon choda di, a chur ar fionraí, más dodhéanta nó ródheacair an cur chun feidhme de dheasca cúinsí eisceachtúla, go háirithe de dheasca *force majeure*. Déanfaidh na tairbhíthe, ag gníomhú dóibh i gcomhpháirt, nó déanfaidh aon tairbhí amháin, ag gníomhú dó thar ceann na dtairbhíthe ar fad, an Gníomhaireacht a chur ar an eolas gan mhoill, ag lua chúiseanna na fionraí, lena n-áirítear faisnéis faoin dáta nó faoin tréimhse ina raibh na cúinsí eisceachtúla ann agus an dáta a mheastar a chuirfear tús athuair le cur chun feidhme na gníomhaíochta.

Ach amháin má fhoirceanntar an Comhaontú nó rannpháirtíocht an tairbhí i gcomhréir le hAirteagail II.16.1, II.16.2 nó le pointí (c) nó (d) d'Airteagal II.16.3.1, déanfaidh na tairbhíthe, ag gníomhú dóibh i gcomhpháirt, nó déanfaidh aon tairbhí amháin, ag gníomhú dó thar ceann na dtairbhíthe ar fad, a luaithe a bheidh cúrsaí sa chaoi is gur féidir tús a chur athuair le cur chun feidhme na gníomhaíochta, an Gníomhaireacht a chur ar an eolas láithreach agus iarraidh a dhéanamh ar leasú a dhéanamh ar an gComhaontú, mar a fhoráiltear in Airteagal II.15.3.

### II.15.2 An Gníomhaireacht an cur chun feidhme a chur ar fionraí

**II.15.2.1** Féadfaidh an Gníomhaireacht cur chun feidhme na gníomhaíochta, nó cur chun feidhm aon choda di, a chur ar fionraí:

- (a) má tá fianaise ag an nGníomhaireacht go ndearna an tairbhí earráidí móra, neamhrialtachtaí nó calaois sa nós imeachta um dhámhachtain nó le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe nó mura gcomhlíonann an tairbhí na hoibleagáidí atá air faoin gComhaontú;
- (b) má tá fianaise ag an nGníomhaireacht go ndearna tairbhí earráidí sistémacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú tromchúiseach ar na hoibleagáidí atá air faoi dheontais eile arna maoiniú ag an Aontas nó ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a tugadh don tairbhí ar choinníollacha cosúla, ar chuntar go ndéanann na hearráidí sin, an mhíréir sin, an chalaois sin nó an sárú sin oibleagáidí difear ábhartha don deontas seo;
- (c) má tá amhras ar an nGníomhaireacht go ndearna an tairbhí earráidí móra, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí sa nós imeachta um dhámhachtain nó i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe agus gur gá dó a fhíorú ar tharla a leithéid go fírinneach; *nó*
- (d) i ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail, go háirithe i gcás mórmhoill a bheith ar chur chun feidhme na gníomhaíochta.

**II.15.2.2** Sula gcuirfidh an Ghníomhaireacht an cur chun feidhme ar fionraí, tabharfaidh sí fógra foirmiúil do na tairbhíthe ar fad faoin rún atá aici fionraí a dhéanamh, agus sonrúidh sí cúiseanna na fionraí, agus, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal II.15.2.1, sonrúidh sí na coinníollacha maidir le tús a chur athuair leis an gcur chun feidhme. Iarrfar ar na tairbhíthe barúlacha a chur isteach laistigh de 30 lá féilire tar éis dóibh an fógra sin a fháil.

Más rud é, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na barúlacha atá curtha isteach ag na tairbhíthe, go gcinneann an Ghníomhaireacht stop a chur leis an nós imeachta um fhionraí, tabharfaidh sí fógra foirmiúil ina thaobh sin do na tairbhíthe.

Mura gcuirtear aon bharúil isteach nó más rud é, ainneoin na mbarúlacha atá curtha isteach ag na tairbhíthe, go gcinneann an Ghníomhaireacht leanúint den nós imeachta um fhionraí, féadfaidh sí an cur chun feidhme a chur ar fionraí ach fógra foirmiúil ina thaobh sin a thabhairt do na tairbhíthe ar fad, ag sonrú chúiseanna na fionraí agus, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal II.15.2.1, ag sonrú na gcoinníollacha deifnídeacha maidir le tús a chur athuair leis an gcur chun feidhme nó, sa chás dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal II.15.2.1, an dáta a mheasfar a chríochnófar an fíorú is gá.

Tiocfaidh an cur ar fionraí i bhfeidhm cúig lá féilire tar éis do na tairbhíthe an fógra a fháil, nó ar dháta ina dhiaidh sin i gcás ina bhforáiltear maidir leis sin san fhógra.

D'fhonn tús a chur athuair leis an gcur chun feidhme, déanfaidh na tairbhíthe a ndícheall na coinníollacha ar tugadh fógra dóibh ina dtaobh a chomhlíonadh a luaithe is féidir é agus cuirfidh siad in iúl don Ghníomhaireacht aon dul chun cinn a dhéanfaidh siad.

Ach amháin má fhoirceanttar an Comhaontú nó rannpháirtíocht an tairbhí i gcomhréir le hAirteagail II.16.1, II.16.2 nó le pointí (c), (i), (j), (k), nó (o) d'Airteagal II.16.3.1, tabharfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe a mheasfaidh sí go bhfuil na coinníollacha maidir le tús a chur athuair leis an gcur chun feidhme comhlíonta nó a luaithe a bheidh an fíorú is gá – seiceálacha ar an láthair san áireamh – déanta, tabharfaidh sí fógra foirmiúil do na tairbhíthe ar fad ina thaobh sin agus iarrfaidh sí orthu iarraidh ar leasú ar an gComhaontú a dhéanamh, mar a fhoráiltear in Airteagal II.15.3.

### **II.15.3 Éifeachtaí na fionraí**

Más féidir tús a chur athuair le cur chun feidhme na gníomhaíochta agus mura bhfuil an Comhaontú foirceanta, déanfar leasú ar an gComhaontú i gcomhréir le hAirteagal II.12 d'fhonn an dáta a chuirfeadh tús athuair leis an ngníomhaíocht a shocrú, d'fhonn síneadh a chur le fad na gníomhaíochta agus d'fhonn aon mhodhnú eile is gá a dhéanamh chun an



ghníomhaíocht a chur in oiriúint do na coinníollacha nua cur chun feidhme.

Measfar go bhfuil an fhionraí curtha i leataobh amhail ón dáta a chuirtear tús athuair leis an ngníomhaíocht arna shocrú ag na páirtithe i gcomhréir leis an gcéad mhír agus arna leagan amach sa leasú. Féadfaidh dáta dá leithéid a bheith roimh dáta theacht i bhfeidhm an leasaithe.

Aon chostas a thabhaíonn na tairbhíthe, le linn thréimhse na fionraí, de thoradh an ghníomhaíocht fhionraithe, nó an chuid fhionraithe di, a chur chun feidhme, ní aisíocfar ná ní chlúdófar iad leis an deontas.

An ceart atá ag an nGníomhaireacht an cur chun feidhme a chur ar fionraí, tá sé gan dochar don cheart atá aici an Comhaontú nó rannpháirtíocht tairbhí sa Chomhaontú a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal II.16.3 agus don cheart atá aici an deontas a laghdú nó méideanna a aisghabháil a íocadh go míchuí i gcomhréir le hAirteagail II.25.4 agus II.26.

Ní bheidh ceachtar den dá pháirtí i dteideal damáistí a éileamh toisc an páirtí eile fionraí a dhéanamh.

## **AIRTEAGAL II.16 – FOIRCEANNADH AN CHONARTHA**

### **II.16.1 Na tairbhíthe an cur chun feidhme a fhoirceannadh**

I gcásanna a mbeidh údar cuí tugtha leo, féadfaidh na tairbhíthe, ag gníomhú dóibh i gcomhpháirt, nó aon tairbhí amháin, ag gníomhú dó thar ceann na dtairbhíthe ar fad, an Comhaontú a fhoirceannadh go foirmiúil ach fógra foirmiúil ina thaobh sin a thabhairt don Gníomhaireacht, ag sonrú go soiléir na gcúiseanna leis sin agus an dáta a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm. Seolfar an fógra roimh an uair atá an foirceannadh le teacht i bhfeidhm.

Mura sonraítear aon chúis, nó má mheasann an Gníomhaireacht nach údar le foirceannadh na cúiseanna a tugadh, tabharfaidh sí fógra foirmiúil ina thaobh sin do na tairbhíthe ar fad, ag sonrú an fhorais atá aici, agus measfar gur foirceannadh go mícheart an Comhaontú agus tiocfaidh de sin na himpleachtaí a leagtar amach sa cheathrú fómhír d'Airteagal II.16.4.1. An lá arna shonrú san fhógra foirmiúil, sin é an lá a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm.

### **II.16.2 Na tairbhíthe foirceannadh a dhéanamh ar rannpháirtíocht ceann amháin nó níos mó de na tairbhíthe**

Neamhbhainteach

### **II.16.3 An Gníomhaireacht foirceannadh a dhéanamh ar an gComhaontú ar**

## rannpháirtíocht ceann amháin nó níos mó de na tairbhíthe

**II.16.3.1** Féadfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh ar fhoirceannadh a dhéanamh ar an gComhaontú nó ar rannpháirtíocht ceann amháin nó níos mó de na tairbhíthe atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht, sna cúinsí seo a leanas:

- (a) más dócha go ndéanfaidh athrú ar staid dhlíthiúil, airgeadais, theicniúil nó eagraíochtúil an tairbhí difear substaintiúil do chur chun feidhme an Chomhaontaithe nó más dócha go gcaithfidh an t-athrú sin amhras ar an gcinneadh an deontas a dhámhachtain;
- (b) neamhbhainteach;
- (c) mura gcuireann na tairbhíthe chun feidhme an ghníomhaíocht ar an dóigh a sonraítear in Iarscríbhinn I nó mura gcomhlíonann an tairbhí ceann eile de na hoibleagáidí substaintiúla atá air faoi théarmaí an Chomhaontaithe;
- (d) i gcás *force majeure*, arna fhógairt i gcomhréir le hAirteagal II.14 nó i gcás an comhordaitheoir fionraí a dhéanamh i ngeall ar chúinsí eisceachtúla, arna fhógairt i gcomhréir le hAirteagal II.15, más dodhéanta tús a chur athuair leis an gcur chun feidhme nó dá mba é toradh a bheadh ar na modhnuithe ba ghá a dhéanamh ar an gComhaontú ná amhras a chaitheamh ar an gcinneadh an deontas a dhámhachtain nó cóir neamh-chomhionann i leith na n-iarratasóirí;
- (e) má tá aon cheann de na cásanna dá bhforáiltear i bpointe (a) nó (b) d'Airteagal 106(1) den Rialachán Airgeadais infheidhme maidir le tairbhí nó duine ar bith a ghlacann dliteanas neamhtheoranta air féin i leith fhiacha an tairbhí sin<sup>5</sup>;
- (f) má tá aon cheann de na cásanna dá bhforáiltear i bpointí (c), (d), (e) nó (f) d'Airteagal 106 (1), nó Airteagal 106 (2) den Rialachán Airgeadais infheidhme maidir le tairbhí nó le haon duine gaolmhar eile, mar a shainítear sa dara fomhír;
- (g) neamhbhainteach;
- (h) neamhbhainteach;

---

<sup>5</sup> Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais.

- (i) má tá fianaise ag an nGníomhaireacht go ndearna tairbhí nó aon duine gaolmhar, mar a shainítear sa dara fómhír, earráidí móra, neamhrialtachtaí nó calaois sa nós imeachta um dhámhachtain nó i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe, lena n-áirítear bréagfhaisnéis a chur isteach nó gan faisnéis a éilítear a chur isteach;
- (j) má tá fianaise ag an nGníomhaireacht go ndearna tairbhí earráidí sistéamacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú tromchúiseach ar na hoibleagáidí atá air faoi dheontais eile arna maoiniú ag an Aontas nó ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a tugadh don tairbhí ar choinníollacha cosúla, ar chuntar go ndéanann na hearráidí sin, an mhír sin, an chalaos sin nó an sárú sin oibleagáidí difear ábhartha don deontas seo;
- (k) i ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail, go háirithe i gcás mórmhoill a bheith ar chur chun feidhme na gníomhaíochta;
- (l) neamhbhainteach
- (m) neamhbhainteach;
- (n) neamhbhainteach;
- (o) neamhbhainteach.

Chun críocha phointí (f) agus (i), ciallóidh “aon duine gaolmhar” aon duine a bhfuil sé de chumhacht aige ionadaíocht a dhéanamh don tairbhí nó cinní a dhéanamh thar ceann an tairbhí.

Chun críocha phointí (i) agus (j), ciallóidh “calaois” aon ghníomh nó neamhghníomh, a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais agus a bhaineann le húsáid nó cur i láthair ráiteas nó doiciméad atá bréagach, mícheart nó neamhiomlán nó le neamhnochtadh faisnéise de shárú ar oibleagáid shonrach.

Chun críocha phointe (i), ciallóidh “earráid mhór” aon sárú ar fhoráil de chuid conartha a d’eascair ó ghníomh nó neamhghníomh, agus a dtagann de, nó a bhféadfadh teacht de, caillteanas do bhuiséad an Aontais.

Chun críocha phointe (i) agus (j), ciallóidh “neamhrialtacht” aon sárú ar fhoráil de chuid conartha a d’eascair ó ghníomh nó neamhghníomh, agus a dhéanann dochar, nó a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh, do bhuiséad an Aontais.

**II.16.3.2** Sula bhfoirceannfaidh sé an Comhaontú nó rannpháirteachas ceann amháin nó níos mó de na tairbhíthe, tabharfaidh an Gníomhaireacht fógra foirmiúil do na tairbhíthe ar fad faoin rún atá aici sin a dhéanamh, ag sonrú chúiseanna an fhoirceanta agus ag iarraidh ar na tairbhíthe, ag gníomhú dóibh i gcomhpháirt, nó aon tairbhí amháin ag gníomhú thar a gceann ar fad, laistigh de 45 lá féilire ón

bhfógra a fháil, barúlacha a chur isteach agus, i gcás phointe (c) d'Airteagal II.16.3.1, an Ghníomhaireacht a chur ar an eolas faoi na bearta a rinneadh chun deimhin a dhéanamh de go leanfaidh na tairbhíthe de bheith ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá orthu faoin gComhaontú.

Más rud é, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na barúlacha atá curtha isteach ag na tairbhíthe, go gcinneann an Ghníomhaireacht stop a chur leis an nós imeachta um fhoirceannadh, tabharfaidh sí fógra foirmiúil ina thaobh sin do na tairbhíthe.

Mura gcuirtear aon bharúil isteach nó más rud é, ainneoin na mbarúlacha atá curtha isteach ag na tairbhíthe, go gcinneann an Ghníomhaireacht leanúint den nós imeachta um fhoirceannadh, féadfaidh sé an Comhaontú nó rannpháirteachas aon cheann de na tairbhíthe a fhoirceannadh ach fógra foirmiúil ina thaobh sin a thabhairt do na tairbhíthe ar fad, ag sonrú chúiseanna an fhoirceanta.

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (c), (e) agus (k) d'Airteagal II.16.3.1, sonrúfar san fhógra foirmiúil an dáta a thiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm. Sna cásanna dá dtagraítear in (d), (f), (i), (j), (l) agus (o) d'Airteagal II.16.3.1, tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm an lá i ndiaidh an dáta a fuair na tairbhíthe an fógra foirmiúil.

#### **II.16.4 Éifeachtaí an fhoirceanta**

##### **II.16.4.1 Neamhbhainteach**

##### **II.16.4.2 Neamhbhainteach**

**II.16.4.3** Ní bheidh ceachtar den dá pháirtí i dteideal cúiteamh a éileamh toisc an páirtí eile foirceannadh a dhéanamh.

#### **AIRTEAGAL II.17 – NEAMHBHAINTEACH**

#### **AIRTEAGAL II.18 – AN DLÍ IS INFHEIDHME, SOCRÚ DÍOSPÓIDÍ AGUS CINNEADH IN-FHORFHEIDHMITHE**

**II.18.1** Tá an Comhaontú faoi rialú ag dlí infheidhme an Aontais, agus i gcás inar gá, tá dlí na Beilge ina chomhlánú air.

**II.18.2** De bhun Airteagal 272 CFAE, is ag an gCúirt Ghinearálta, nó má dhéantar achomharc, ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, a bheidh dlínse eisiach aon díospóid a éisteach idir an tAontas agus aon tairbhí a fhad a bhaineann le léirmhíniú, cur i bhfeidhm, nó bailíocht an Chomhaontaithe seo, mura féidir an díospóid sin a réiteach go cairdiúil.

**II.18.3** De bhua Airteagal 299 CFAE, chun críocha aisghabhálacha de réir bhrí Airteagal II.26, féadfaidh an Coimisiún cinneadh in-fhorfheidhmithe a ghlacadh oibleagáidí airgid a fhorchur ar dhaoine seachas ar Stáit. Féadfar caingean a thionscnamh i

gcoinne cinneadh dá leithéid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 263 CFAE.

## **CUID B – FORÁLACHA AIRGEADAIS**

### **AIRTEAGAL II.19 – COSTAIS INCHÁILITHE**

Neamhbhainteach

### **AIRTEAGAL II.20 – INAITHEANTACHT AGUS INFHÍORAITHEACHT NA MÉIDEANNA ARNA nDEARBHÚ**

#### **II.20.1 Aisíoc costas iarbhír**

Neamhbhainteach

#### **II.20.2 Aisíoc costas aonaid réamhshocraithe nó ranníocaíochta aonaid réamhshocraithe**

Neamhbhainteach

#### **II.20.3 Aisíoc costas cnapshuime réamhshocraithe nó ranníocaíochta cnapshuime réamhshocraithe**

I gcás ina mbeidh an deontas, i gcomhréir le hAirteagal 3, i bhfoirm aisíocaíocht ar chostais chnapshuime nó ar ranníocaíocht chnapshuime, ní mór don tairbhí an méid foriomlán arna shonrú in Airteagal 3 a dhearbhú mar chostais incháilithe nó mar ranníocaíocht iarrtha faoi réir cur chun feidhme cuí na gcúraimí comhfhreagracha nó na coda den ghníomhaíocht mar a dhéantar cur síos orthu in Iarscríbhinn I.

Má iarrtar ar an tairbhí doiciméid tacaíochta leordhóthanacha a sholáthar mar chruthúnas ar chur chun feidhme cuí, mar chuid de na seiceálacha nó de na hiniúchtaí a ndéantar cur síos orthu in Airteagal II.27, ní mór dó a bheith in ann é sin a dhéanamh. Ní gá don tairbhí, áfach, na costais incháilithe iarbhír atá cumhdaithe a shainaithint ná doiciméid tacaíochta, go háirithe ráitis chuntasaíochta, a sholáthar mar chruthúnas ar an méid arna dhearbhú mar chnapshuim.

#### **II.20.4 Aisíoc costas ar ráta comhréidh réamhshocraithe nó ranníocaíochta ar ráta comhréidh réamhshocraithe**

Neamhbhainteach

#### **II.20.5 Aisíoc costas arna ndearbhú ar bhonn ghnáthchleachtais chuntasaíochta an tairbhí**

Neamhbhainteach

### **AIRTEAGAL II.21 – INCHÁILITHEACHT CHOSTAS NA nEINTITEAS ATÁ CLEAMHNAITHE LEIS NA TAIRBHITHE AGUS NA gCOMHLACHTAÍ CUR CHUN FEIDHME ARNA nAINMNIÚ AG NA TAIRBHITHE**

Neamhbhainteach

## **AIRTEAGAL II.22 – AISTRITHE BUISÉID**

Neamhbhainteach

## **AIRTEAGAL II.23 – TUAIRISCIÚ TEICNIÚIL AGUS AIRGEADAIS – IARRATAÍ AR ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS DOICIMÉID TACAÍOCHTA**

Neamhbhainteach

## **AIRTEAGAL II.24 – ÍOCAÍOCHTAÍ AGUS SOCRUITHE ÍOCAÍOCHTA**

### **II.24.1 Réamh-mhaoiniú**

Neamhbhainteach

### **II.24.2 Íocaíochtaí eatramhacha**

Neamhbhainteach

### **II.24.3 Íocaíocht an iarmhéid**

Is é atá beartaithe le híocaíocht an iarmhéid, rud nach féidir a dhéanamh faoi dhó, an chuid atá fágtha de na costais arna dtabhú ag na tairbhíthe chun an tsuiteáil a chur chun feidhme a aisíoc nó a chumhdach tar éis dheireadh na tréimhse a leagtar amach in Airteagal 2.2. I gcás ina mbeidh méid iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh níos luaithe níos mó ná méid críochnaitheach an deontais arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal II.25, féadfaidh íocaíocht an iarmhéid a bheith i bhfoirm aisghabháil dá bhforáiltear in Airteagal II.26.

Gan dochar d'Airteagal II.24.4 agus Airteagal II.24.5, tar éis don Ghníomhaireacht na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal II.23.2 a fháil, íocfaidh sí an méid atá dlite mar iarmhéid laistigh den teorainn ama a shonraítear in Airteagal 4.2.

Déanfar an méid sin a chinneadh tar éis an t-iarratas ar íocaíocht an iarmhéid agus na doiciméid a ghabhann leis an iarratas sin a fhorghabháil agus i gcomhréir leis an gceathrú fomhír. Ní bheidh sé intuigthe as formheas an iarratais ar íocaíocht an iarmhéid agus na ndoiciméad a ghabhann leis go bhfuil aitheantas á thabhairt do chomhréireacht, barántúlacht, iomláine ná cruinneas na ndearbhuithe ná an fhaisnéis atá iontu.

Déanfar an méid atá dlite mar iarmhéid a chinneadh trí mhéid iomlán an réamh-mhaoinithe agus na n-íocaíochtaí eatramhacha a rinneadh cheana féin le gach tairbhí a bhaint as méid iomlán an deontais arna chinneadh do gach tairbhí i gcomhréir le hAirteagal II.25.

## **II.24.4 Fionraí na teorann ama don íocaíocht**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht an teorainn ama don íocaíocht a shonraítear in Airteagal 4.2 a chur ar fionraí tráth ar bith ach fógra foirmiúil a thabhairt don tairbhí lena mbaineann nach féidir a iarraidh ar íocaíocht a chomhlíonadh, toisc nach bhfuil sé i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe, nó toisc nár cuireadh isteach na doiciméid tacaíochta iomchuí, nó toisc go bhfuil amhras ann faoi incháilitheacht na gcostas a dearbhaíodh sa ráiteas airgeadais.

Tabharfar fógra don tairbhí a luaite is féidir faoi aon fhionraí dá leithéid, mar aon le cúiseanna na fionraí.

Tiocfaidh an fhionraí i bhfeidhm ar an dáta a sheolfaidh an Ghníomhaireacht an fógra. Tosóidh an chuid eile den tréimhse íocaíochta athuair ar an dáta a gheofar an fhaisnéis a iarraidh nó na doiciméid athbhreithnithe nó ar an dáta a dhéanfar an fíorú breise is gá, seiceálacha ar an láthair san áireamh. I gcás inar faide ná dhá mhí an fhionraí, féadfaidh an tairbhí lena mbaineann iarraidh ar an nGníomhaireacht cinneadh a dhéanamh cé acu a leanfar den fhionraí nó nach leanfar.

I gcás inar cuireadh an teorainn ama don íocaíocht ar fionraí i ndiaidh diúltú ceann amháin de na tuarascálacha teicniúla nó de na ráitis airgeadais dá bhforáiltear le hAirteagal II.23 agus go ndiúltaítear an tuarascáil nó an ráiteas nua a chuirtear isteach freisin, forchoimeádan an Ghníomhaireacht an ceart chun an Comhaontú nó rannpháirtíocht an tairbhí a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal II.16.3.1(c), agus na héifeachtaí a luaitear in Airteagal II.16.4 aige sin.

## **II.24.5 Fionraí íocaíochtaí**

**II.24.5.1** Féadfaidh an Ghníomhaireacht, tráth ar bith le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe, na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin, na híocaíochtaí eatramhacha nó íocaíocht an iarmhéid a a chur ar fionraí i gcás na dtairbhíthe ar fad, nó féadfaidh sí na híocaíochtaí réamh-mhaoiniúcháin nó na híocaíochtaí eatramhacha a chur ar fionraí i gcás ceann amháin nó níos mó de na tairbhíthe:

- (a) má tá fianaise ag an nGníomhaireacht go ndearna an tairbhí earráidí móra, neamhrialtachtaí nó calaois sa nós imeachta um dhámhachtain nó i gcur chun feidhme an deontais nó mura gcomhlíonann an tairbhí na hoibleagáidí atá air faoin gComhaontú;
- (b) má tá fianaise ag an nGníomhaireacht go ndearna tairbhí earráidí sistémacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú tromchúiseach ar na hoibleagáidí atá air faoi dheontais eile arna maoiniú ag an Aontas nó ag an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a tugadh don tairbhí ar choinníollacha cosúla, ar chuntar go ndéanann na hearráidí sin, na neamhrialtachtaí sin, an chalaois sin nó an sárú sin oibleagáidí difear ábhartha don deontas seo;
- (c) má tá amhras ar an nGníomhaireacht go ndearna an tairbhí earráidí móra,



neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí sa nós imeachta um dhámhachtain nó i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe agus gur gá dó a fhíorú ar tharla a leithéid go fírinneach; nó

(d) i ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an tionscadail, go háirithe i gcás mórmhoill a bheith ar chur chun feidhme na gníomhaíochta.

**II.24.5.2** Sula gcuirfidh an Ghníomhaireacht na híocaíochtaí ar fionraí, tabharfaidh sí fógra foirmiúil do na tairbhíthe ar fad faoin rún atá aige iad a chur ar fionraí, agus sonrúidh sí cúiseanna na fionraí, agus, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal II.24.5.1, sonrúidh sí na coinníollacha maidir le tús a chur athuair leis na híocaíochtaí. Iarrfar ar na tairbhíthe barúlacha a chur isteach laistigh de 30 lá féilire tar éis dóibh an fógra sin a fháil.

Más rud é, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na barúlacha atá curtha isteach ag na tairbhíthe, go gcinneann an Ghníomhaireacht stop a chur leis an nós imeachta um fhionraí íocaíochta, tabharfaidh sí fógra foirmiúil ina thaobh sin do na tairbhíthe.

Mura gcuirtear aon bharúil isteach nó más rud é, ainneoin na mbarúlacha atá curtha isteach ag na tairbhíthe, go gcinneann an Ghníomhaireacht leanúint den nós imeachta um fhionraí íocaíochta, féadfaidh sí na híocaíochtaí a chur ar fionraí ach fógra foirmiúil ina thaobh sin a thabhairt do na tairbhíthe ar fad, ag sonrú chúiseanna na fionraí agus, sna cásanna dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (d) d'Airteagal II.24.5.1, ag sonrú na gcoinníollacha deifnídeacha maidir le tús a chur athuair leis na híocaíochtaí nó, sa chás dá dtagraítear i bpointe (c) d'Airteagal II.24.5.1, an dáta a mheasfar a chríochnófar an fíorú is gá.

Tiocfaidh fionraí na n-íocaíochtaí i bhfeidhm ar an dáta a sheolfaidh an Ghníomhaireacht an fógra.

D'fhonn tús a chur athuair leis na híocaíochtaí, déanfaidh na tairbhíthe a ndícheall na coinníollacha ar tugadh fógra dóibh ina dtaobh a chomhlíonadh a luaithe is féidir é agus cuirfidh siad in iúl don Ghníomhaireacht aon dul chun cinn a dhéanfaidh siad.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe a mheasfaidh sí go bhfuil na coinníollacha maidir le tús a chur athuair leis na híocaíochtaí comhlíonta nó a luaithe a bheidh an fíorú is gá déanta, seiceálacha ar an láthair san áireamh, tabharfaidh sí fógra foirmiúil do na tairbhíthe ar fad ina thaobh.

Le linn tréimhse fhionraí na n-íocaíochtaí agus gan dochar don cheart cur chun feidhme na gníomhaíochta a chur ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal II.15.1 nó an Comhaontú nó rannpháirtíocht tairbhí a fhoirceannadh i gcomhréir le hAirteagal II.16.1 agus le hAirteagal II.16.2, níl an tairbhí nó na tairbhíthe lena mbaineann an fhionraí íocaíochta i dteideal aon iarraidh ar íocaíochtaí a dhéanamh.

Féadfar na hiarrataí comhfhreagracha ar íocaíochtaí agus na doiciméid tacaíochta a

chur isteach a luaithe is féidir é i ndiaidh tús a bheith curtha athuair leis na híocaíochtaí, sin nó féadfar iad a chur isteach in éineacht leis an gcéad iarraidh ar íocaíocht atá dlite i ndiaidh tús a bheith curtha athuair i gcomhréir leis an sceideal a leagtar síos in Airteagal 4.1.

## **II.24.6 Fógara a thabhairt faoi mhéideanna atá dlite**

Neamhbhainteach

## **II.24.7 Ús ar íocaíocht dhéanach**

Ar dhul in éag do na teorainneacha ama don íocaíocht a sonraítear in Airteagal 4.2 agus in Airteagal II.24.1, agus gan dochar d'Airteagal II.24.4 agus Airteagal II.24.5, tá na tairbhíthe i dteideal ús a fháil ar íocaíocht dhéanach ag an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm dá phríomhoibríocht athmhaoiniúcháin in euro (“an ráta tagartha”), móide trí phointe go leith. Is é an ráta a bheith i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí a rachaidh an teorainn ama don íocaíocht in éag a bheidh sa ráta tagartha, mar a fhoilsítear é i sraith C d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír maidir le tairbhíthe ar Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear údaráis rialtas réigiúnach agus áitiúil agus comhlachtaí poiblí eile a bhí ag gníomhú faoi ainm agus ar son an Bhallstáit chun críche an Chomhaontaithe seo.

Má chuirtear an teorainn ama don íocaíocht ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal II.24.4 nó má chuirtear an íocaíocht ón nGníomhaireacht ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal II.24.5, ní fhéadfar sin a mheas mar íocaíocht dhéanach.

Cuimseoidh an t-ús ar íocaíocht dhéanach an tréimhse dar tús an lá i ndiaidh dháta dlite na híocaíochta go dtí an dáta a dhéanfar an íocaíocht iarbhír mar a bhunaítear in Airteagal II.24.9, an dáta sin san áireamh. Ní chuirfear an t-ús iníoctha san áireamh chun críocha méid críochnaitheach an deontais a chinneadh de réir bhrí Airteagal II.25.3.

De mhaolú ón gcéad fhomhír, i gcás ina mbeidh an t-ús arna ríomh níos lú ná nó cothrom le EUR 200, ní íocfar é leis an tairbhí ach ar iarratas arna chur isteach laistigh de dhá mhí tar éis íocaíocht dhéanach a fháil.

## **II.24.8 Airgeadra na n-íocaíochtaí**

Is in euro a dhéanfar íocaíochtaí na Gníomhaireachta.

## **II.24.9 Dáta na híocaíochta**

Measfar go bhfuil íocaíochtaí na Gníomhaireachta déanta ar an dáta a chuirfear chun dochair chuntas na Gníomhaireachta iad.

## **II.24.10 Costais na n-aistrithe íocaíochtaí**

Seasfar costais na n-aistrithe íocaíochtaí ar cheann de na dóigheanna seo a leanas:

- (a) costais an aistrithe a ghearrann banc na Gníomhaireachta – is í an Ghníomhaireacht a sheasfaidh iad;
- (b) costais an aistrithe a ghearrann banc an tairbhí – is é an tairbhí a sheasfaidh iad;
- (c) costais uile aon athaistrithe arb é ceann de na páirtithe ba chúis leis – is é an páirtí ba chúis leis an athaistriú a sheasfaidh iad.

## **II.24.11 Íocaíochtaí leis na tairbhíthe**

Neamhbhainteach.

## **AIRTEAGAL II.25 – MÉID CRÍOCHNAITHEACH AN DEONTAIS A CHINNEADH**

### **II.25.1 An méid críochnaitheach a ríomh**

Gan dochar d’Airteagal II.25.2, Airteagal II.25.3 agus Airteagal II.25.4, déanfar méid críochnaitheach an deontais a chinneadh do gach tairbhí mar seo a leanas:

- (a) i gcás ina mbeidh an deontas don tairbhí, dá eintitis chleamhnaithe nó dá chomhlachtaí cur chun feidhme i bhfoirm aisíocaíocht ar chostais incháilithe, i gcomhréir le hAirteagal 3, an méid a fhaightear tríd an ráta/trí na rátaí aisíocaíochta a shonraítear san Airteagal sin a chur i bhfeidhm ar na costais incháilithe arna bhformheas ag an nGníomhaireacht le haghaidh na gcatagóirí comhfhreagracha costas agus gníomhaíochtaí;
- (b) i gcás ina mbeidh an deontas don tairbhí, dá eintitis chleamhnaithe nó dá chomhlachtaí cur chun feidhme i bhfoirm ranníocaíocht aonaid, i gcomhréir le hAirteagal 3, an méid a fhaightear tríd an ranníocaíocht aonaid a shonraítear san Airteagal sin a iolrú faoi líon iarbhrí na n-aonad arna bhformheas ag an nGníomhaireacht;
- (c) i gcás ina mbeidh an deontas don tairbhí, dá eintitis chleamhnaithe nó dá chomhlachtaí cur chun feidhme i bhfoirm ranníocaíocht chnapshuime, i gcomhréir le hAirteagal 3, an chnapshuim a shonraítear san Airteagal sin, faoi réir chur chun

feidhme cuí na gcúraimí comhfhreagracha nó na coda den ghníomhaíocht i gcomhréir le hIarscríbhinn I a bheith formheasta ag an nGníomhaireacht;

- (d) i gcás ina mbeidh an deontas don tairbhí, dá eintitis chleamnaithe nó dá chomhlachtaí cur chun feidhme i bhfoirm ranníocaíocht ar ráta comhréidh, i gcomhréir le hAirteagal 3, an méid a fhaightear tríd an ráta comhréidh dá dtagraítear san Airteagal sin a chur i bhfeidhm ar na costais incháilithe nó ar an ranníocaíocht ar ghlac an Gníomhaireacht léi.

I gcás ina ndéanfar foráil in Airteagal 3 maidir le cineálacha difriúla deontais a chur le chéile don tairbhí, dá eintitis chleamnaithe nó dá chomhlachtaí cur chun feidhme, cuirfear na méideanna sin le chéile.

### **II.25.2 An t-uasmhéid**

Ní fhéadfaidh an t-uasmhéid a íocfaidh an Gníomhaireacht le tairbhí, i gcúinsí ar bith, a bheith níos mó ná uasmhéid an deontais don tairbhí sin arna shonrú in Airteagal 3.

I gcás ina sáróidh an méid arna chinneadh do thairbhí i gcomhréir le hAirteagal II.25.1 an t-uasmhéid sin, beidh méid críochnaitheach an deontais don tairbhí sin teoranta don uasmhéid arna shonrú in Airteagal 3.

### **II.25.3 Riail an neamhbhrabúis agus admhálacha a chur san áireamh**

Neamhbhainteach

### **II.25.4 Laghdú de dheasca cur chun feidhme a bheith go dona, gan a bheith déanta ach i bpáirt nó a bheith déanach, nó de dheasca sárú ar oibleagáidí conarthacha**

Féadfaidh an Gníomhaireacht uasmhéid an deontais in aghaidh an tairbhí a leagtar amach in Airteagal 3 a laghdú más rud é nár cuireadh an ghníomhaíocht chun feidhme i gceart i gcomhréir le hIarscríbhinn I (i.e. más rud é nár cuireadh chun feidhme í nó go bhfuil an cur chun feidhme go dona, gan a bheith déanta ach i bpáirt nó déanach), nó mura gcomhlíonfaidh tairbhí aon cheann de na hoibleagáidí eile faoin gComhaontú seo.

Beidh méid an laghdaithe comhréireach le méid an chur chun feidhme mícheart nó le tromchúis an tsáraithe.

Sula ndéanfaidh an Gníomhaireacht an deontas a laghdú, ní mór di fógra foirmiúil a sheoladh chuig an tairbhí lena mbaineann:

- (a) lena chur ar an eolas faoin méid seo a leanas:
- (i) an rún atá aici uasmhéid an deontais a laghdú;
  - (ii) méid an laghdaithe a bhfuil sé i gceist aici a dhéanamh ar an deontas;

(iii) na cúiseanna leis an laghdú;

(b) cuireadh a thabhairt dó barúlacha a chur isteach laistigh de 30 lá féilire tar éis dó an fógra foirmiúil a fháil.

Mura bhfaighidh an Ghníomhaireacht aon bharúlacha nó má chinneann sí leanúint ar aghaidh leis an laghdú d'ainneoin na barúlacha atá faighte aici, seolfaidh sí fógra foirmiúil ina gcuirfidh sí an tairbhí lena mbaineann ar an eolas faoina cinneadh.

Má dhéantar an deontas a laghdú, ní mór don Ghníomhaireacht méid laghdaithe an deontais a ríomh trí mhéid an laghdaithe (arna ríomh i gcomhréir le cur chun feidhme mícheart na ngníomhaíochta nó le tromchúis shárú na n-oibleagáidí) a bhaint as uasmhéid an deontais.

Is é an méid is lú den dá mhéid seo a leanas a bheidh i méid críochnaitheach an deontais:

(a) an méid arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal II.25.1, Airteagal II.25.2 agus Airteagal II.25.3; nó

(b) méid laghdaithe an deontais arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal II.25.4.

## **AIRTEAGAL II.26 – AISGHABHÁIL**

### **II.26.1 Aisghabháil a dhéanamh tráth an t-iarmhéid a íoc**

Más rud é, i gcás tairbhí, gur i bhfoirm aisghabhála atá íocaíocht an iarmhéid, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra foirmiúil don tairbhí lena mbaineann faoin rún atá aici an méid a íocadh go mícheart a aisghabháil, agus déanfaidh sí an méid seo a leanas:

(a) sonrú sí an méid atá dlite agus cúiseanna na haisghabhála;

(b) iarrfaidh sí ar an tairbhí lena mbaineann aon bharúil atá aige a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe.

Mura gcuirtear aon bharúil isteach nó más rud é, ainneoin na mbarúlacha atá curtha isteach ag an tairbhí, go gcinneann an Ghníomhaireacht leanúint den nós imeachta um aisghabháil, féadfaidh sí an aisghabháil a dheimhniú ach “nóta dochair” a fhógairt don tairbhí lena mbaineann go foirmiúil, ag sonrú théarmaí agus dháta na híocaíochta.

Mura ndéanfaidh an tairbhí lena mbaineann aisíocaíocht leis an nGníomhaireacht faoin dáta atá sonraithe sa nóta dochair, déanfaidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún an méid atá dlite a aisghabháil ón tairbhí i gcomhréir le hAirteagal II.26.3.

### **II.26.2 Aisghabháil a dhéanamh i ndiaidh íocaíocht an iarmhéid**

I gcás ina bhfuil méid le haisghabháil i gcomhréir le hAirteagail II.27.6, II.27.7, agus II.27.8, aisíocfaidh an tairbhí a mbaineann an t-íniúchadh nó cinní OLAF leis, aisíocfaidh sé an méid sin leis an nGníomhaireacht.

Roimh an aisghabháil, tabharfaidh an Ghníomhaireacht fógra foirmiúil don tairbhí faoin rún atá aici an méid a íocadh go míchuí a aisghabháil agus déanfaidh sí an méid seo a leanas:

- (a) sonródh sí an méid atá dlite (lena n-áirítear aon mhéid a d'íoc an Ghníomhaireacht go míchuí ina ranníocaíocht leis na costais arna dtabhú ag a cuid eintiteas cleamhnaithe nó ag a cuid comhlachtaí cur chun feidhme) agus cúiseanna na haisghabhála;
- (b) iarrfaidh sí ar an tairbhí lena mbaineann aon bharúil atá aige a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe.

Mura gcuirtear aon bharúil isteach nó más rud é, ainneoin na mbarúlacha atá curtha isteach ag an tairbhí, go gcinneann an Ghníomhaireacht leanúint den nós imeachta um aisghabháil, féadfaidh sí an aisghabháil a dheimhniú ach “nóta dochair” a fhógairt don tairbhí lena mbaineann go foirmiúil, ag sonrú théarmaí agus dháta na híocaíochta.

Mura ndéanfaidh an tairbhí lena mbaineann aisíocaíocht leis an nGníomhaireacht faoin dáta atá sonraithe sa nóta dochair, déanfaidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún an méid atá dlite a aisghabháil ón tairbhí i gcomhréir le hAirteagal II.26.3.

### **II.26.3 An nós imeachta um aisghabháil i gcás nach ndéantar aisíocaíocht faoin dáta atá sonraithe sa nóta dochair**

Mura mbeidh an aisíocaíocht déanta faoin dáta atá sonraithe sa nóta dochair, aisghabhfaidh an Ghníomhaireacht nó an Coimisiún an méid atá dlite:

- (a) trína chúiteamh le haon mhéid atá ag an tairbhí lena mbaineann ar an gCoimisiún nó ar ghníomhaireacht feidhmiúcháin (ó bhuiséad an Aontais nó ó bhuiséad an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom)) (“cúiteamh”); in imthosca eisceachtúla, agus an riachtanas leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ina údar leis, féadfaidh an Ghníomhaireacht aisghabháil a dhéanamh trí bhíthin cúitimh roimh an dáta dlite; ní bheidh sé ina cheangal toiliú an tairbhí a fháil roimh ré; féadfar caingean a thionscnamh cúiteamh dá leithéid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh de bhun Airteagal 263 CFAE;
- (b) trí úsáid a bhaint as an ráthaíocht airgeadais i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin le hAirteagal 4.1 (“úsáid a bhaint as an ráthaíocht airgeadais”);
- (c) i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sna Coinníollacha Speisialta, trí na tairbhíthe a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach;
- (d) trí chaingean dlí a thionscnamh i gcomhréir le hAirteagal II.18.2 nó i gcomhréir leis na Coinníollacha Speisialta nó trí chinneadh in-fhorfheidhmithe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal II.18.3.

### **II.26.4 Ús ar íocaíochtaí déanacha**

Mura mbeidh an íocaíocht déanta faoin am a leagtar amach sa nóta dochair, tabharfaidh an méid atá dlite ús ar an ráta a bhunaítear le hAirteagal II.24.7. Cuimseoidh an t-ús ar íocaíocht dhéanach an tréimhse dar tús an lá i ndiaidh dháta dlite na híocaíochta go dtí an dáta a gheobhaidh an Gníomhaireacht nó an Coimisiún iomlán an mhéid atá le hóc.

Má dhéantar páirtíocaíocht, leithreasófar an íocaíocht ar dtús do na muirir agus don ús ar íocaíocht dhéanach agus ansin don phríomhshuim.

## **II.26.5 Muirir bhainc**

Aon mhuirear bainc a thabhfófar a bhaineann le haisghabháil na suimeanna atá dlite don Gníomhaireacht, is é an tairbhí a sheasfaidh iad, ach amháin i gcás ina bhfuil feidhm ag Treoir 2007/64/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach lena leasaítear Treoir 97/7/CE, Treoir 2002/65/CE, Treoir 2005/60/CE agus Treoir 2006/48/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 97/5/CE.

## **AIRTEAGAL II.27 – SEICEÁLACHA, INIÚCHTAÍ AGUS MEASTÓIREACHT**

### **II.27.1 Seiceálacha agus iniúchtaí teicniúla agus airgeadais, meastóireachtaí eatramhacha agus críochnaitheacha**

Féadfaidh an Coimisiún nó an Gníomhaireacht seiceálacha agus iniúchtaí teicniúla agus airgeadais a dhéanamh chun a fhíorú go bhfuil na tairbhíthe ag cur chun feidhme na gníomhaíochta i gceart agus go bhfuil siad ag comhlíonadh na n-oibleagáidí atá orthu faoin gComhaontú. Féadfaidh sé nó sí taifid reachtúla na dtairbhíthe a sheiceáil freisin chun measúnú a dhéanamh go tráthrialta ar mhéideanna cnapshuime, ar chostas aonaid nó ar mhéideanna ar ráta comhréidh.

Aon fhaisnéis nó doiciméad a sholáthraítear faoi chuimsiú na seiceálacha nó na n-iniúchtaí, coimeádfar faoi rún í nó é.

Ina cheann sin, féadfaidh an Coimisiún nó an Gníomhaireacht meastóireacht eatramhach nó meastóireacht chríochnaitheach a dhéanamh ar thionchar na gníomhaíochta i gcomparáid le cuspóir an chláir de chuid an Aontais lena mbaineann, d'fhonn a mheasúnú ar baineadh amach na cuspóirí, cuspóirí comhshaoil san áireamh.

Maidir le seiceálacha, iniúchtaí nó meastóireachtaí de chuid an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta, is féidir le foireann an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta iad a dhéanamh nó is féidir le haon chomhlacht eile seachtrach údaraithe iad a dhéanamh thar a gceann.

Is féidir seiceálacha, iniúchtaí nó meastóireachtaí dá leithéidí a thionscnamh le linn chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus go ceann cúig bliana amhail ón dáta a íocfar an t-iarmhéid. Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná trí bliana mura mó ná EUR 60 000 an t-uasmhéid a shonraítear in Airteagal 3.

Measfar go bhfuil an tseiceáil, an t-iniúchadh nó an nós imeachta um meastóireacht

tionscanta ar an dáta a gheofar litir an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta á fhógairt sin.

Más ar eintiteas cleamhnaithe nó ar chomhlacht cur chun feidhme atá an t-iniúchadh á dhéanamh, ní mór don tairbhí lena mbaineann an t-eintiteas cleamhnaithe sin nó an comhlacht cur chun feidhme sin a chur ar an eolas.

### **II.27.2 An dualgas doiciméid a choimeád**

Coimeádfaidh na tairbhíthe gach bundoiciméad, go háirithe taifid cuntasaíochta agus cánacha, atá stóráilte ar meán iomchuí, lena n-áirítear bunchóipeanna digitithe nuair atá sin údaraithe faoin dlí náisiúnta lena mbaineann agus ar na coinníollacha a leagtar síos sa dlí sin, coimeádfaidh siad iad go gceann cúig bliana amhail ón dáta a íocfar an t-iarmhéid.

Ní bheidh an tréimhse sin níos faide ná trí bliana mura mó ná EUR 60 000 an t-uasmhéid a shonraítear in Airteagal 3.

Na tréimhsí a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír, beidh siad níos faide ná sin má bhíonn aon iniúchadh, achomharc, dlíthíocht nó éileamh maidir leis an deontas, an cás dá dtagraítear in Airteagal II.27.7 san áireamh. I gcásanna dá leithéidí, coinneoidh na tairbhíthe na doiciméid go dtí go mbeidh an iniúchadh, an dlíthíocht nó an t-éileamh dúnta.

### **II.27.3 An oibleagáid faisnéis a sholáthar**

Soláthróidh na tairbhíthe aon fhaisnéis, faisnéis i bhformáid leictreonach san áireamh, a iarrfaidh an Coimisiún nó an Gníomhaireacht nó a iarrfaidh aon chomhlacht eile seachtrach a údaróidh an Coimisiún nó an Gníomhaireacht faoi chuimsiú seiceáil, iniúchadh nó meastóireacht.

I gcás nach gcomhlíonfaidh tairbhí na hoibleagáidí a leagtar amach sa chéad fhomhír, féadfaidh an Coimisiún nó an Gníomhaireacht a mheas:

- (a) go bhfuil aon chostas nach bhfuil údar leordhóthanach tugtha leis ag an bhfaisnéis a sholáthair an tairbhí, go bhfuil sé neamh-incháilithe;
- (b) go bhfuil aon aonad, cnapshuim nó ranníocaíocht ar ráta comhréidh nach bhfuil údar leordhóthanach tugtha leis nó léi ag an bhfaisnéis a sholáthair an tairbhí, go bhfuil sé nó sí neamhdhlite.

### **II.27.4 Cuairteanna ar an láthair**

Le linn cúirteanna ar an láthair, tabharfaidh na tairbhíthe cead d'fhoireann an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta agus do phearsanra seachtrach a bheidh údaraithe ag an gCoimisiún nó ag an nGníomhaireacht, tabharfaidh siad cead dóibh na suíomhanna agus na háitribh a rochtain ina bhfuil an ghníomhaíocht á cur i bhfeidhm nó inar cuireadh i bhfeidhm í, agus ar gach faisnéis is gá, faisnéis i bhformáid leictreonach san áireamh.

Áiríteoidh siad go mbeidh an fhaisnéis ar fáil go héasca tráth na cuairte ar an láthair agus go



mbeidh an fhaisnéis a iarradh i bhformáid iomchuí nuair a thabharfar ar láimh í.

I gcás ina ndiúltoídh tairbhí rochtain a thabhairt ar na suíomhanna, ar na háitribh agus ar an bhfaisnéis i gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an dara fómhír, féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht a mheas:

- (a) go bhfuil aon chostas nach bhfuil údar leordhóthanach tugtha leis ag an bhfaisnéis a sholáthair an tairbhí, go bhfuil sé neamh-incháilithe;
- (b) go bhfuil aon aonad, cnapshuim nó ranníocaíocht ar ráta comhréidh nach bhfuil údar leordhóthanach tugtha leis nó léi ag an bhfaisnéis a sholáthair an tairbhí, go bhfuil sé nó sí neamhdhlite.

## **II.27.5 Nós imeachta iniúchóireachta bréagnaitheach**

Ar bhonn chinntí an iniúchta, ullmhófar tuarascáil shealadach (“dréacht-tuarascáil iniúchóra”). Déanfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht, nó ionadaí údaraithe an Choimisiúin nó na Gníomhaireachta, í a sheoladh chuig an tairbhí lena mbaineann, agus beidh 30 lá ag an tairbhí amhail ón dáta a gheofar í chun barúlacha a chur isteach. Déanfar an tuarascáil chríochnaitheach (“an tuarascáil iniúchóireachta chríochnaitheach”) a sheoladh chuig an tairbhí lena mbaineann laistigh de 60 lá amhail ó dhul in éag na teorann ama do bharúlacha a chur isteach.

## **II.27.6 Éifeachtaí cinntí iniúchóireachta**

Ar bhonn na gcinntí críochnaitheacha iniúchóireachta, féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht na bearta is gá, dar leis, a dhéanamh, lena n-áirítear aisghabháil, tráth an t-iarmhéid a íoc nó i ndiaidh an t-iarmhéid a íoc, na n-íocaíochtaí ar fad, nó cuid díobh, a rinne sé, i gcomhréir le hAirteagal II.26.

I gcás cinntí críochnaitheacha iniúchóireachta a ndéantar i ndiaidh íocaíocht an iarmhéid, is é méid a bheidh sa mhéid a bheidh le haisghabháil ná an difríocht idir méid críochnaitheach athbhreithnithe an deontais don tairbhí lena mbaineann, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal II.25, agus an méid iomlán a íocadh leis an tairbhí lena mbaineann faoin gComhaontú chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme.

## **II.27.7 Earráidí sistéamacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí a cheartú**

**II.27.7.1** Féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht cinntí iniúchóireachta i leith deontais eile a shíneadh d’fhonn an deontas seo a chumhdach más rud é:

- (a) má chinntear, ar bhonn iniúchadh a rinneadh ar dheontais eile de chuid an Aontais nó de chuid Euratom a dámhadh dó ar choinníollacha cosúla, go bhfuil earráidí sistéamacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí déanta aige a bhfuil tionchar ábhartha acu ar an deontas seo; agus

- (b) go bhfaigheann an tairbhí go foirmiúil an tuarascáil deiridh iniúchóireachta ina luaitear na hearráidí sistéamacha nó minice, na neamhrialtachtaí, an chalaois nó an sárú oibleagáidí, mar aon leis an liosta deontas a ndéanann na cinní difear dóibh, laistigh den tréimhse dá dtagraítear in Airteagal II.27.1.

Is féidir an méid seo a leanas teacht de shíneadh na gcinntí:

- (a) diúltú costas, toisc iad a bheith neamh-incháilithe;
- (b) laghdú an deontais, mar a fhoráiltear in Airteagal II.25.4;
- (c) aisghabháil méideanna neamhdhlite, mar a fhoráiltear in Airteagal II.26;
- (d) fionraí íocaíochtaí, mar a fhoráiltear in Airteagal II.24.5;
- (e) fionraí chur chun feidhme na gníomhaíochta, mar a fhoráiltear in Airteagal II.15.2;
- (f) foirceannadh, mar a fhoráiltear in Airteagal II.16.3.

**II.27.7.2** Ní mór don Choimisiún nó don Gníomhaireacht fógra foirmiúil a sheoladh chuig an tairbhí lena mbaineann ag cur na n-earráidí sistéamacha nó minice agus an rúin atá aige nó aici na cinní iniúchóireachta a shíneadh in iúl dó, mar aon le liosta de na deontais a ndéanann sin difear dóibh.

- (a) Más le hincháilitheacht costas a bhaineann na cinní, seo mar a bhíonn:

Ní mór an méid seo a leanas a bheith san fhógra foirmiúil:

- (i) iarraidh barúlacha a chur isteach i dtaobh an liosta deontas a ndéanann na cinní difear dóibh;
- (ii) iarraidh ar ráitis airgeadais athbhreithnithe a chur isteach maidir leis na deontais a ndéantar dóibh;
- (iii) i gcás inar féidir é, an ráta ceartúcháin don eachtarshuímh, arna bhunú ag an gCoimisiún nó ag an nGníomhaireacht chun na méideanna a ríomh atá le diúltú i ngeall ar earráidí sistéamacha nó minice, neamhrialtachtaí, an chalaois nó sárú oibleagáidí, más rud é:
  - go measann an tairbhí lena mbaineann nach bhfuil sé indéanta ná praiticiúil na ráitis airgeadais athbhreithnithe a chur isteach arís; nó
  - nach gcuirfidh an tairbhí lena mbaineann isteach ráitis airgeadais athbhreithnithe.

Tá ag an tairbhí lena mbaineann 60 lá féilire ón lá a gheobhaidh sé an fógra foirmiúil le barúlacha agus ráitis airgeadais athbhreithnithe a chur isteach nó le modh ceartúcháin mhalartach, agus údar cuí tugtha leis, a mholadh. I gcásanna a bhfuil údar cuí tugtha leo féadfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht síneadh a chur leis an tréimhse.

Má dhéanann an tairbhí lena mbaineann ráitis airgeadais athbhreithnithe a chur isteach ina bhfuil na cinntí curtha san áireamh, cinnfidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht an méid atá le ceartú ar bhonn na ráiteas athbhreithnithe sin.

Má mholann an tairbhí modh ceartúcháin malartach agus go nglacann an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht leis, ní mór don Choimisiún nó don Ghníomhaireacht fógra foirmiúil a sheoladh chuig an tairbhí:

- (i) ag cur in iúl dó go nglacann sé nó sí leis an modh malartach;
- (ii) ag cur in iúl dó na gcostas incháilithe athbhreithnithe a cinneadh leis an modh sin.

Ina mhalairt de chás, ní mór don Choimisiún nó don Ghníomhaireacht fógra foirmiúil a sheoladh chuig an tairbhí lena mbaineann:

- (i) ag cur in iúl dó nach nglacann sé nó sí leis an barúlacha nó leis an modh malartach a moladh;
- (ii) ag cur in iúl dó na gcostas incháilithe athbhreithnithe a cinneadh tríd an modh eachtarshuímh a úsáid ar tugadh fógra ina thaobh dó i dtosach.

I gcás earráidí sistéamacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois nó sárú oibleagáidí a fuarthas amach i ndiaidh íocaíocht an iarmhéid, is é méid a bheidh sa mhéid a bheidh le haisghabháil ná an difríocht idir méid críochnaitheach athbhreithnithe an deontais don tairbhí lena mbaineann, arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal II.25 ar bhonn na gcostas incháilithe athbhreithnithe arna ndearbhú ag an tairbhí agus arna bhfaomhadh ag an gCoimisiún nó ag an nGníomhaireacht nó ar bhonn na gcostas incháilithe athbhreithnithe i ndiaidh eachtarshuíomh a dhéanamh, agus an méid iomlán a íocadh leis an tairbhí lena mbaineann faoin gComhaontú chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme;

- (b) Más le cur chun feidhme mícheart a bhaineann na cinntí nó le sárú oibleagáide eile (i.e. i gcás nach féidir costais neamh-incháilithe a úsáid mar bhonn chun an méid atá le ceartú a chinneadh), seo mar a bhíonn:

Tabharfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht fógra foirmiúil don tairbhí lena mbaineann faoin ráta ceartúcháin ar comhréidh atá le cur i

bhfeidhm ar uasmhéid an deontais a shonraítear in Airteagal 3 nó ar chuid den mhéid sin, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, agus iarrfaidh sé nó sí ar an tairbhí barúlacha a chur isteach faoin liosta deontas a ndéanann na cinntí difear dóibh.

Ón dáta a gheobhaidh sé an fógra, beidh 60 lá ag an tairbhí lena mbaineann chun barúlacha a chur isteach agus ráta ar comhréidh malartach, agus údar cuí tugtha leis, a mholadh.

Má ghlacann an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht leis an ráta ar comhréidh malartach, tabharfaidh sé fógra foirmiúil ina thaobh sin don tairbhí lena mbaineann agus ceartóidh sé méid an deontais tríd an ráta ar comhréidh malartach a chur i bhfeidhm.

Mura gcuirtear aon bharúil isteach nó mura nglacann an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht leis na barúlacha nó leis an ráta ar comhréidh malartach a mhol an tairbhí, tabharfaidh an Coimisiún nó an Ghníomhaireacht fógra foirmiúil ina thaobh sin don tairbhí agus ceartóidh siad méid an deontais tríd an ráta ar comhréidh ar tugadh fógra ina thaobh don tairbhí i dtosach a chur i bhfeidhm.

I gcás earráidí sistémacha nó minice, neamhrialtachtaí, calaois, nó sárú oibleagáidí a fuarthas amach i ndiaidh íocaíocht an iarmhéid, is éard a bheidh sa mhéid a bheidh le haisghabháil ná an difríocht idir méid críochnaitheach athbhreithnithe an deontais don tairbhí lena mbaineann i ndiaidh an ceartúchán ar ráta comhréidh a chur i bhfeidhm agus an méid iomlán a íocadh leis an tairbhí lena mbaineann faoin gComhaontú chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme.

## **II.27.8 Seiceálacha agus cigireachtaí arna ndéanamh ag OLAF**

Beidh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) na cearta céanna agus atá ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht, go háirithe ceart rochtana, chun seiceálacha agus imscrúduithe a dhéanamh.

De bhua Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96<sup>6</sup> an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013<sup>7</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

---

<sup>6</sup> IO L 292, 15.11.1996, lch. 2

<sup>7</sup> IO L 248, 18.09.2013, lch. 1

11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), féadfaidh OLAF seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos le dlí an Aontais chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar an gcalaois agus ar neamhrialtachtaí eile.

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh aisghabháil eile ag an nGníomhaireacht teacht de chinntí OLAF. Féadfaidh ionchúiseamh coiriúil faoin dlí náisiúnta teacht díobh freisin.

### **II.27.9 Seiceálacha agus iniúchtaí arna ndéanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa**

Beidh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa na cearta céanna agus atá ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht, go háirithe ceart rochtana, chun seiceálacha agus iniúchtaí a dhéanamh.